AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 15.9.2026
COM(2026) 985 final

2026/0272 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1149 lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair, Rialachán (AE) 2016/589 maidir le líonra Eorpach seirbhísí fostaíochta (EURES), rochtain oibrithe ar sheirbhísí soghluaisteachta agus comhtháthú breise ar mhargaí saothair agus Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh, agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1256, (AE) 2018/170, (AE) 2018/1020 agus (AE) 2018/1021 ón gCoimisiún

{SEC(2026) 985 final} - {SWD(2026) 985 final} - {SWD(2026) 986 final} - {SWD(2026) 987 final}

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Tá saorghluaiseacht daoine ar cheann de na ceithre shaoirse bhunúsacha atá i gcroílár mhargadh aonair an Aontais agus is éacht mór í ó thaobh lánpháirtiú na hEorpa de. Is gné thábhachtach de mhargadh saothair an Aontais dea-fheidhmiúil í soghluaisteacht an lucht saothair, rud a chuireann ar a gcumas d'fhostóirí aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna trí oibrithe a earcú i gcás nach féidir folúntais a líonadh go leordhóthanach ón lucht saothair intíre, agus é á áirithiú an tráth céanna gur féidir le hoibrithe a gceart chun rochtain a fháil ar dheiseanna fostaíochta ar fud an Aontais a fheidhmiú. Trí mheaitseáil an tsoláthair saothair agus an éilimh ar shaothar a éascú ar fud na mBallstát, rannchuidíonn soghluaisteacht an lucht saothair le leithdháileadh níos éifeachtúla saothair, rud a thacaíonn le táirgiúlacht, iomaíochas agus feidhmiú éifeachtach mhargadh saothair an Aontais. Sa bhreis ar na tairbhí a bhaineann léi do gheilleagar na hEorpa, cuireann saorghluaiseacht daoine leis na deiseanna gairmiúla agus pearsanta atá ann do dhaoine aonair, spreagann sí malartú cultúrtha agus muintearas comhroinnte, rud a chuireann lánpháirtiú an Aontais Eorpaigh chun cinn.

Tá sé ar cheann de thosaíochtaí an Choimisiúin Eorpaigh do shainordú 2024-2029 tacú le daoine agus ár sochaithe agus ár samhail shóisialta a neartú. Ina theannta sin, cuirtear i dtábhacht sna treoirlínte polaitiúla don sainordú seo go bhfuil saorghluaiseacht daoine agus seirbhísí laistigh den Mhargadh Aonair ríthábhachtach d'iomaíochas an Aontais. Treisítear an treoshuíomh sin sa litir mhisin chuig an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Roxana Mînzatu, ina dtugtar tús áite do shoghluaisteacht an lucht saothair a éascú agus forfheidhmiú na rialacha is infheidhme á áirithiú an tráth céanna. I bhfianaise an mhéid sin, d'fhógair an tUachtarán von der Leyen an Pacáiste um Shoghluaisteacht Chothrom an Lucht Saothair i gClár Oibre 2026 an Choimisiúin, lena n-áirítear togra reachtach chun an tÚdarás Eorpach Saothair (an tÚdarás) a neartú. Tá an pacáiste seo mar chuid den Treochlár 'Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargaidh Amháin'[1] ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach freisin.

Cuireann an togra seo le hiarrataí ó thuarascáil Enrico Letta maidir le Todhchaí an Mhargaidh Aonair[2], ina leagtar béim ar an ngá atá le cumas an Údaráis a threisiú maidir le dálaí oibre a chosaint agus cothromaíocht a bhaint amach idir forbairt eacnamaíoch agus cearta sóisialta. Sainaithnítear i dTuarascáil Mario Draghi maidir le hiomaíochas an Aontais[3] soghluaisteacht éifeachtach an lucht saothair mar phríomhchumasóir chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna agus, ar an gcaoi sin, táirgiúlacht agus fás fadtéarmach a chothú.

Téann soghluaisteacht trasteorann an lucht saothair san Aontas chun tairbhe do dhaoine aonair, d'oibrithe, d'fhostóirí, do gheilleagair agus do shochaithe. Is mór ag saoránaigh an Aontais an ceart chun gluaiseacht faoi shaoirse laistigh den Aontas, agus measann tromlach gur rud dearfach é do mhargadh an tsaothair go bhfuil daoine ag gluaiseacht laistigh den Aontas[4]. Thairis sin, tá ról mór ag an tsoghluaisteacht laistigh den Aontas i bhfeidhmiú an Mhargaidh Aonair. Tá thart ar 14 mhilliún saoránach den Aontas ina gcónaí agus/nó ag obair go fadtéarmach i mBallstát eile (3,9 % de lucht saothair an Aontais), in éineacht le 1,9 milliún

---

1 An Treochlár 'Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin' ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach, 2026.

2 Enrico Letta (2024), I bhfad níos mó ná margadh, lgh. 83, 104.

3 Mario Draghi (2024), Todhchaí iomaíochas na hEorpa - Cuid B: Grinnanailís agus moltaí, lch. 265.

4 Eorabharaiméadar Speisialta 528: Soghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas tar éis na paindéime, 2022, lch. 89.

oibrí trasteorann agus 3,64 milliún oibrí ar postú. Tá fás leanúnach tagtha thar na blianta ar fhostaíocht trasteorann, a mbíonn socruithe níos fadtéarmaí i gceist léi go minic. Tá postú fós ina chineál soghluaisteachta mór a úsáidtear go forleathan sa ghearrthéarma[5].

Maolaíonn oibrithe ar náisiúnaigh tríú tír iad ganntanais lucht saothair agus cuireann siad leis an bhfás eacnamaíoch sa limistéar euro, go háirithe i gcomhthéacs margaí saothair dochta[6]. Mar sin féin, tá dúshláin shonracha forfheidhmiúcháin ann mar thoradh ar an méadú atá tagtha ar an líon náisiúnach tríú tír atá ag obair san Aontas. Déantar ró-ionadaíocht ar náisiúnaigh tríú tír, i gcásanna tearcíocaíochta, uaireanta oibre iomarcacha, asbhaintí neamhdhleathacha, féinfhostaíocht bhréagach agus roinnt cleachtas mí-úsáideach i réimse na fochonraitheoireachta[7]. Mar gheall ar leochaileacht ar leith roinnt náisiúnach tríú tír, tá an baol ann go mbainfí an bonn de shoghluaisteacht chothrom an lucht saothair san Aontas, ós rud é go mbaineann dúshaothrú na náisiúnach sin an bonn den chothroime iomaíochta. D'fhéadfadh leibhéil éagsúla comhlíontachta idir oibreoirí eacnamaíocha agus na Ballstáit a bheith mar thoradh ar mhainneachtain rialacha an Aontais agus na rialacha náisiúnta is infheidhme a fhorfheidhmiú go héifeachtach, rud a chruthódh saobhadh iomaíochta agus a bhainfeadh an bonn d'fheidhmiú cuí an Mhargaidh Aonair. Ós rud é go meastar go leanfaidh an líon oibrithe ar náisiúnaigh tríú tír iad de bheith ag fás san Aontas, is gá a áirithiú go gcosnófar agus go bhforfheidhmeofar a gcearta.

Bunaíodh An tÚdarás Eorpach Saothair in 2019 le Rialachán (AE) 2019/1149[8], agus é mar chuspóir aige tacú leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún rialacha an Aontais maidir le soghluaisteacht an lucht saothair agus comhordú na slándála sóisialta a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach. Tá forbairt leanúnach ag teacht ar an gcomhthéacs ina n-oibríonn an tÚdarás ó shin. Le haosú déimeagrafach, daonraí in aois oibre atá ag laghdú, agus ganntanais agus neamhréireanna scileanna, cuirtear leis an ngá atá le soghluaisteacht an lucht saothair mar bheartas lárnach chun borradh a chur faoin iomaíochas agus chun tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach[9].

Deimhnítear i meastóireacht 2025 ar an Údarás go dtugann an tÚdarás aghaidh ar an ngá atá le tacaíocht oibríochtúil chun beartais an Aontais a bhaineann le soghluaisteacht an lucht saothair a chur chun feidhme. Déanann sé amhlaidh go háirithe trí chomhar trasteorann a lárú, trí thacú le cigireachtaí comhbheartaithe agus comhpháirteacha, agus trí rochtain ar fhaisnéis a éascú trí fheachtais mhórscála[10]. Tugann anailís acadúil dá haire freisin ról uathúil an Údaráis maidir le bearna chomhordúcháin a líonadh nach bhféadfadh cigireachtaí náisiúnta a dhúnadh astu féin[11]. Mar sin féin, sainaithníodh sa mheastóireacht freisin go bhféadfaí feabhas a chur ar chúrsaí faoi chuimsiú an tsainordaithe reatha chomh maith le srianta áirithe sa sainordú sin

5 Tuarascáil Bhliantúil ar Shoghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas: Eagrán 2025, 2026, lgh. 13, 16.

6 Oscar Arce et al. (2025), *Foreign workers: a lever for economic growth*.

7 Féach mar shampla an tÚdarás Eorpach Saothair (2025), Postú náisiúnach tríú tír: slabhraí conarthacha, patrúin earcaíochta, agus saincheisteanna forfheidhmiúcháin.Léargais ó chás-staidéir; An tÚdarás Eorpach Saothair (2023), *Report on the cooperation practices, possibilities and challenges between Member States – specifically in relation to the posting of third-country nationals*.

8 Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004, (AE) Uimh. 492/2011, agus (AE) 2016/589 agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2016/344, IO L 186, 11.7.2019, lch. 21.

9 Forbairtí an Mhargaidh Saothair agus an Phá san Eoraip: Athbhreithniú bliantúil 2024, lgh. 33-34.

10 Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: Meastóireacht ar an Údarás Eorpach Saothair, SWD(2025) 128 final, lch. 63.

11 Jan Cremers (2024), *The first term of the European Labour Authority*.

lena gcuirtear teorainn le cumas an Údaráis a chúraimí a dhéanamh agus nach féidir a réiteach gan athrú reachtach (féach Roinn 3)[12].

Ina theannta sin, d'iarr Parlaimint na hEorpa i rún ó mhí Eanáir 2024 go neartófaí[13] sainordú an Údaráis agus go gcuirfí acmhainní leordhóthanacha ar fáil don Údarás. Tá sé beartaithe ag an bParlaimint Údarás cumhachtaithe a bheith ann a mbeidh ról forfheidhmithe níos réamhghníomhaí aige, a dhéanfaidh anailísí oibríochtúla bunaithe ar acmhainneachtaí feabhsaithe próiseála sonraí agus ar féidir leis cearta náisiúnach tríú tír a chosaint go leordhóthanach.

Sa lá atá inniu ann, tá ról forfheidhmithe an Údaráis fós frithghníomhach den chuid is mó. Is measa fós é sin toisc nach bhfuil an tÚdarás in ann rochtain a fháil ar fhaisnéis oibríochtúil ábhartha agus í a phróiseáil, lena n-áirítear sonraí pearsanta, agus go bhfuil a shainordú i leith catagóirí éagsúla náisiúnach tríú tír fós éiginnte. Thairis sin, measann páirtithe leasmhara nach leor an fhaisnéis a chuireann an tÚdarás ar fáil maidir le cearta agus oibleagáidí ábhartha daoine aonair agus fostóirí i gcásanna trasteorann agus go bhfuil sí ró-chineálach agus is minic nach sroicheann sí grúpaí leochaileacha, lena n-áirítear náisiúnaigh tríú tír atá ag obair i mBallstáit an Aontais.

Tá líonra Eorpach na seirbhísí fostaíochta (EURES) ag tearcfheidhmiú. Tá laghdú ag teacht ar shocrúcháin fostaíochta trí EURES agus trí ghealltanas na mBallstát araon. Léiríonn na dúshláin a dhéanann difear d'éifeachtacht EURES meascán tosca, lena n-áirítear iomaíocht ó ardáin fostaíochta tráchtála, na hacmhainní atá ar fáil don líonra agus athruithe ar dhálaí an mhargaidh saothair. Spreagadh tábhachtach eile do na heasnaimh sin is ea ilroinnt rialachas EURES idir an Coimisiún agus an tÚdarás.

Ar deireadh, tá feidhm idirghabhála an Údaráis fós tearcshaothraithe, mar gheall ar a chastacht agus an fhéidearthacht atá ag na Ballstáit diúltú di tráth ar bith.

Dá bhrí sin, is é is aidhm don togra seo na huirlisí leordhóthanacha a sholáthar don Údarás chun feabhas a chur ar a acmhainneacht straitéiseach agus oibríochtúil chun rannchuidiú le forfheidhmiú dhlí an Aontais agus chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú. Déantar foráil sa tionscnamh maidir le coigeartuithe dlíthiúla spriocdhírithe. Fágann sé príomhchuspóirí agus príomhchúraimí an Údaráis gan athrú. Is iad seo a leanas a chuspóirí sonracha:

- Feabhas a chur ar an rochtain ar fhaisnéis agus ar thacaíocht i gcásanna a bhaineann le soghluaisteacht trasteorann an lucht saothair, agus feabhas a chur ar cháilíocht na faisnéise agus na tacaíochta sin, lena áirithiú gur fearr is féidir le daoine aonair, oibrithe a thaistealaíonn laistigh den Aontas (lena n-áirítear oibrithe trasteorann), oibrithe áirithe ar náisiúnaigh tríú tír iad agus fostóirí áirithe de chuid an Aontais a gcearta a fheidhmiú agus a n-oibleagáidí a chomhlíonadh. Feabhsófar raon na comhairle spriocdhírithe agus na torthaí d'úsáideoirí araon.
- An líon daoine aonair agus gnólachtaí a thairbhíonn de thacaíocht soghluaisteachta trasteorann a mhéadú agus torthaí meaitseála post a fheabhsú trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht rialachais agus oibriú líonra agus thairseach EURES. Bainfear amach líon agus sciar níos airde socrúchán poist arna n-éascú ag EURES, cumhdach CV agus folúntas post níos fearr, chomh maith le sástacht níos airde úsáideoirí le tairseach EURES agus rialachas líonra EURES araon.

[12] SWD(2025)128 final, lgh. 64-66.

[13] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Eanáir 2024 maidir le hathbhreithniú ar shainordú an Údaráis Eorpaigh Saothair, P9_TA(2024)0052

- Feabhas a chur ar spriocdhíriú agus éifeachtacht gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin i gcásanna trasteorann - lena n-áirítear i gcásanna a bhaineann le hoibrithe ar náisiúnaigh tríú tír iad - trí thacaíocht anailíseach agus oibríochtúil an Údaráis do chigireachtaí comhbheartaithe agus comhpháirteacha a neartú. Tá tacaíocht forfheidhmiúcháin ar leibhéal an Aontais le bheith níos rioscabhunaithe agus níos eolasaí ar fhianaise, rud a mhéadóidh líon agus cumhdach na gcigireachtaí comhbheartaithe agus comhpháirteacha, a spriocdhíriú trí obair anailíseach an Údaráis, agus a sástacht leis an tacaíocht oibríochtúil a sholáthraítear.
- An líon díospóidí trasteorann a laghdú trí fheabhas a chur ar éifeachtacht agus ar úsáideacht phraiticiúil fheidhm idirghabhála an Údaráis, agus a chineál comhoibritheach á chaomhnú an tráth céanna. Feabhsófar glacadh, rátaí réitigh agus sástacht leis an nós imeachta.

Ina theannta sin, cuimsítear leis an tionscnamh seo coigeartuithe spriocdhírithe chun creat rialála EURES a shimpliú, arb ionann é faoi láthair agus Rialachán (AE) 2016/589[14] chomh maith le sé chinneadh cur chun feidhme ón gCoimisiún. Is é is aidhm do na leasuithe sin an t-ualach riaracháin a laghdú, go háirithe ar riaracháin náisiúnta.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Le 10 mbliana anuas, d'éirigh leis an gCoimisiún feabhas a chur ar an gcreat rialála i réimse shoghluaisteacht an lucht saothair. Ag tógáil ar an gcorpas fairsing reachtaíochta maidir le saorghluaiseacht oibrithe, postú oibrithe agus comhordú na slándála sóisialta, is é is aidhm do Phacáiste an Choimisiúin um Shoghluaisteacht Chothrom an Lucht Saothair feidhmiú na saorghluaiseachta a éascú a thuilleadh, trí dheireadh a chur le bacainní ar a éifeachtacht agus trí reachtaíocht agus nósanna imeachta a shimpliú (lena n-áirítear tríd an digitiú) agus ardleibhéal cosanta á choinneáil ar bun an tráth céanna do dhaoine a ghluaiseann thar teorainneacha.

Comhlánaíonn an togra seo le haghaidh athbhreithniú ar shainordú an Údaráis na tograí reachtacha eile a áirítear sa Phacáiste um Shoghluaisteacht Chothrom an Lucht Saothair, i.e. an togra le haghaidh Pas Eorpach Slándála Sóisialta (ESSPASS) agus na tograí faoin Tionscnamh um Inaistritheacht Scileanna. Ar an gcaoi chéanna, tá siad sin beartaithe chun bacainní ar shoghluaisteacht a laghdú, agus comhlíonadh na rialacha ábhartha is infheidhme á áirithiú an tráth céanna.

Le straitéis EURES 2030 a glacadh i mí na Bealtaine 2026, tugtar aghaidh ar na dúshláin a sainaithníodh in oibriú EURES a mhéid nach bhfuil gá le coigeartuithe reachtacha ina leith sin. Tá an straitéis neodrach ó thaobh rialachais de agus tugtar aghaidh inti ar bhearta oibríochtúla. Leis an togra seo, treisítear an straitéis trí bhearta reachtacha spriocdhírithe, go háirithe a mhéid a bhaineann le rialachas an líonra agus soiléiriú na ról idir an tÚdarás agus an Coimisiún. Trí úinéireacht chórais thairseach EURES a athshannadh don Choimisiún, beifear in ann an leas is fearr is féidir a bhaint as sineirgí le huirlisí agus líonraí TF eile atá á mbainistiú ag an gCoimisiún, lena n-áirítear Europass, an tAicmiú Eorpach Scileanna, Inniúlachtaí, Cáilíochtaí agus Gairmeacha (ESCO), Líonra Eorpach na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta agus Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Tá sé d'aidhm chomhcheangailte ag straitéis EURES agus ag an togra seo na coinníollacha a chruthú chun EURES a athbhunú mar uirlis úsáideach le haghaidh shoghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas.

[14] Rialachán (AE) 2016/589 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Aibreán 2016 maidir le líonra Eorpach seirbhísí fostaíochta (EURES), rochtain oibrithe ar sheirbhísí soghluaisteachta agus comhtháthú breise ar mhargaí saothair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 agus Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, IO L 107, 22.4.2016, lch. 1.

Leis an Rialachán atá le teacht maidir le comhéadan poiblí atá nasctha le Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) le haghaidh dearbhú maidir le hoibrithe a phostú, a comhaontaíodh go sealadach idir comhreachtóirí an 23 Meitheamh 2026, éascófar cur isteach na ndearbhuithe sin i gcomhréir leis an Treoir maidir le hOibrithe a Phostú. Ós rud é go dtugann an tÚdarás cúnamh do na Ballstáit agus don Choimisiún maidir leis an Treoir seo a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú, áireofar an Rialachán freisin i raon feidhme a ghníomhaíochtaí.

Leis an athbhreithniú atá le teacht lena nuachóireofar an creat dlíthiúil le haghaidh chomhordú na gcóras slándála sóisialta (Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004[15] agus (CE) Uimh. 987/2009[16]), éascófar feidhmiú chearta na saoránach, feabhsófar soiléireacht dhlíthiúil agus beidh gníomhaíochtaí trasteorann gearrthéarmacha agus turais ghnó níos éasca do ghnólachtaí agus d'oibrithe. Cumhdaítear na Rialacháin sin le raon feidhme ghníomhaíochtaí an Údaráis cheana féin, agus beidh feidhm ag an méid céanna maidir lena leasuithe. Treisítear a thuilleadh leis an togra seo an sprioc maidir le leanúint de shoghluaisteacht trasteorann a éascú.

Leis an Rialachán maidir le Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, a glacadh i mí Aibreáin 2026[17], éascófar earcaíocht idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna san Aontas. Beidh coimircí sonracha ann freisin chun a áirithiú go mbeidh an earcaíocht sin cothrom. Trí ról an Údaráis maidir le hoibrithe náisiúnta tríú tír áirithe a shoiléiriú tríd an tionscnamh seo, comhlánófar na hiarrachtaí sin chun cosaint na n-oibrithe sin ar mhargadh saothair an Aontais a áirithiú agus cothrom iomaíochta a choinneáil ar bun.

Cuid lárnach de Phlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta is ea soghluaisteacht chothrom an lucht saothair a áirithiú, lena n-áirítear trí thacaíocht ón Údarás le cur chun feidhme agus forfheidhmiú cuí na rialacha gaolmhara[18]. Leagtar béim ann ar ról an Údaráis maidir le tacaíocht a thabhairt d'údaráis náisiúnta trí fhothú acmhainneachta agus trí fhaisnéis a sholáthar maidir le cearta agus oibleagáidí maidir le bheith ag obair thar lear. Is é is aidhm don tionscnamh seo an ról sin a neartú.

Ina theannta sin, oibríonn an tÚdarás go dlúth le gníomhaireachtaí díláraithe eile an Aontais i réimse na fostaíochta agus na ngnóthaí sóisialta: an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound), an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop), an Fhondúireacht Eorpach Oiliúna (ETF) agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA). Tá comhaontuithe comhair bunaithe ag an Údarás, lena n-áirítear pleananna gníomhaíochta le gníomhaíochtaí nithiúla, leis na gníomhaireachtaí sin uile agus é mar aidhm acu leas a bhaint as sineirgí agus dúbláil a sheachaint. Cé nach mbaineann sainordú an Údaráis go príomha le hábhair choiriúla, d'fhéadfadh baint a bheith ag a thacaíocht forfheidhmithe le réimsí a thagann faoi shainchúram an dlí choiriúil ar an leibhéal náisiúnta, mar shampla a mhéid a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine chun críche dúshaothraithe saothair. Dá bhrí sin, comhoibríonn an tÚdarás freisin le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil

---

15 Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú córas slándála sóisialta, IO L 166, 30.4.2004, lch. 1.

16 Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta a chur chun feidhme, IO L 284, 30.10.2009, lch. 1.

17 Rialachán (AE) 2026/1047 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2026 lena mbunaítear Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, IO L, 2026/1047, 12.5.2026.

18 https://op.europa.eu/webpub/empl/european-pillar-of-social-rights/ga/

(Eurojust). Is é an toradh a bheadh ar an togra seo go gcomhlánódh an tÚdarás obair gníomhaireachtaí nó institiúidí díláraithe eile de chuid an Aontais seachas í a dhúbláil.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra seo comhsheasmhach leis an straitéis don Mhargadh Aonair[19] arb é is aidhm di margadh Eorpach simplí, rianúil agus láidir a chruthú, agus leas iomlán á bhaint as. Luaitear go sainráite ann freisin go bhfuil neartú an Údaráis ar cheann de na gníomhaíochtaí chun an cuspóir sin a bhaint amach. Mar a shonraítear i Roinn 3, éascóidh an tionscnamh seo soghluaisteacht trasteorann an lucht saothair agus laghdóidh sé na costais chomhlíonta agus earcaíochta a bhaineann le hoibríochtaí trasteorann do chuideachtaí, go háirithe FBManna. Mar chuid de 'Aon Eoraip Amháin, Treochlár an Mhargaidh Aonair', meastar, dá bhrí sin, go mbeidh tionchar dearfach beag aige ar iomaíochas ghnólachtaí an Aontais, trí chuidiú le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna trí rochtain ar fhaisnéis a fheabhsú agus costais earcaíochta trasearnála a ísliú.

I réimse an tsoláthair faisnéise, comhlánaíonn an tionscnamh líonraí agus ardáin chomhairleacha an Aontais atá ann cheana, amhail SOLVIT, An Eoraip Agatsa – Comhairle agus Ionad Teagmhála Europe Direct. Tugann SOLVIT cúnamh do dhaoine aonair agus do ghnólachtaí nuair a sháraíonn údaráis phoiblí a gcearta i ndáil leis an Margadh Aonair. Cuireann an Eoraip Agatsa comhairle dlí phearsantaithe saor in aisce ar fáil maidir le cearta faoi dhlí an Aontais. Is é Ionad Teagmhála Europe Direct líne chabhrach ghinearálta an Aontais. Cé go bhféadfadh forluí áirithe a bheith ann leis na hábhair faoi shainchúram an Údaráis, ní sholáthraíonn aon cheann de na tionscnaimh sin an treoraíocht shaincheaptha do dhaoine aonair ná do ghnólachtaí maidir lena gcearta agus a n-oibleagáidí, comhairleoireacht i bpearsa, agus for-rochtain ar ghrúpaí leochaileacha, trí ghníomhaithe áitiúla a bhfuil taithí acu sa chomhthéacs áitiúil sonrach, rud a d'áiritheodh an tÚdarás faoina shainordú athnuaite. Ina theannta sin, d'fhéadfadh athchóiriú fheidhm idirghabhála an Údaráis seirbhísí réitigh fadhbanna amhail SOLVIT a chomhlánú, toisc go bhféadfadh sé cur leis an bhféidearthacht go seolfaí roinnt cásanna atá fós gan réiteach trí SOLVIT chuig an Údarás le haghaidh idirghabhála.

A mhéid a bhaineann le ról an Údaráis i gcás ina mbaineann a ghníomhaíochtaí le hoibrithe ar náisiúnaigh tríú tír iad, comhlánaíonn an togra clár oibre agus beartais imirce an Aontais, go háirithe an Straitéis Eorpach um Bainistiú Tearmainn agus Imirce[20] a mhéid is aidhm dó soghluaisteacht saothair agus tallainne a fheabhsú chun borradh a chur faoin iomaíochas. Luaitear go sainráite sa straitéis feabhas a chur ar chumas an Údaráis aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le sáruithe ar chearta oibrithe ar náisiúnaigh tríú tír iad agus feabhas a chur ar obair forfheidhmiúcháin sa réimse sin. Soiléirítear leis an togra sainordú an Údaráis Eorpaigh Saothair d'fhonn tacú leis na Ballstáit forálacha sonracha de Threoracha 2009/52/CE, 2014/36/AE, (AE) 2024/1233 agus de Threoir 2001/55/CE ón gComhairle a fhorfheidhmiú, a mhéid a bhaineann siad le cearta fostaíochta agus slándála sóisialta oibrithe ar náisiúnaigh tríú tír iad, i gcás inar gá sin chun cuspóirí an Údaráis a bhaint amach. Trí na forálacha sonracha ó na treoracha maidir leis an imirce a luaitear a chumhdach, áiritheofar go gcuirfear cearta bunúsacha i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud catagóirí éagsúla oibrithe. Dá bhrí sin, beidh gníomhaíochtaí an Údaráis i ndáil leis na Treoracha sin coimhdeach leo siúd a rinneadh cheana laistigh den sainordú atá ann faoi láthair.

---

19 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. An Margadh Aonair: ár margadh baile Eorpach i ndomhan éiginnte. Straitéis chun an Margadh Aonair a dhéanamh simplí, rianúil agus láidir. COM(2025) 500 final.

20 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. Straitéis Eorpach um Bainistiú Tearmainn agus Imirce. COM(2026) 45 final.

Maidir le hacmhainneacht mhéadaithe an Údaráis rochtain a fháil ar fhaisnéis oibríochtúil agus í a phróiseáil, lena n-áirítear sonraí pearsanta, tá an togra fós ailínithe go hiomlán le creat cosanta sonraí an Aontais, go háirithe an Rialachán maidir le cosaint sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais[21].

Cuirtear san áireamh sa tionscnamh freisin 'Cur Chuige Coiteann' Pharlaimint na hEorpa, Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus an Choimisiúin Eorpaigh maidir le gníomhaireachtaí díláraithe i ndáil le gnéithe amhail rialacha vótála an Bhoird Bainistíochta[22].

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Baineann an togra le leasú Rialacháin (AE) 2019/1149 agus (AE) 2016/589. Dá bhrí sin, tá sé bunaithe ar na bunúis dlí chéanna leis na Rialacháin sin: Airteagal 46 agus Airteagal 48 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Déantar foráil leo sin maidir le saorghluaiseacht oibrithe agus comhordú córas slándála sóisialta laistigh den Aontas, atá i gcroílár an mholta seo.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá feidhm ag prionsabal na coimhdeachta toisc nach dtagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais. Ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí an togra a bhaint amach go leordhóthanach ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach ná áitiúil. Is fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais ar na cúiseanna seo a leanas:

Ní féidir leis na Ballstáit, ag gníomhú dóibh ina n-aonar, aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar shaincheisteanna a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo, amhail na saincheisteanna sin a thagann faoi shainordú an Údaráis. Go sonrach:

- ní mór soláthar faisnéise agus seirbhísí ardcháilíochta agus cothrom le dáta don phobal maidir lena gcearta agus a n-oibleagáidí i gcásanna trasteorann a chomhordú ar leibhéal an Aontais chun teachtaireachtaí comhsheasmhacha, soiléire agus éifeachtúla a áirithiú;
- chun dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse shoghluaisteacht trasteorann an lucht saothair agus chomhordú na slándála sóisialta, tá gá le comhar idir na Ballstáit, rud a chiallaíonn nach féidir le haon Bhallstát gníomhú ina aonar;
- chun sineirgí agus comhsheasmhacht idir na Ballstáit a mhéadú maidir le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú dhlí an Aontais agus chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú do riaracháin agus do dhaoine aonair araon, is gá cur chuige comhordaithe comhpháirteach a fhorbairt ar leibhéal an Aontais seachas a bheith ag brath ar líonra comhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha.

Thairis sin, tá na laigí sainaitheanta i sainordú an Údaráis fréamhaithe i saincheisteanna rialála ar leibhéal an Aontais. Ós rud é go n-eascraíonn siad as easnaimh struchtúracha i Rialachán (AE) 2019/1149 féin, ní féidir leis na Ballstáit iad a leigheas ina n-aonar agus tá gá le hidirghabháil reachtach ar leibhéal an Aontais ina leith.

---

21 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.

22 Ráiteas Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le gníomhaireachtaí díláraithe, 2012.

Leis na leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/589, seachas na leasuithe sin a bhaineann le hathroinnt cúraimí idir an tÚdarás agus an Coimisiún, tá sé beartaithe an creat rialála ar leibhéal an Aontais maidir le feidhmiú EURES a shimpliú agus ní féidir leis na Ballstáit iad a chur chun feidhme ina n-aonar ar an gcúis sin.

- **Comhréireacht**

Is freagairt chomhréireach spriocdhírithe é an togra ar an ngá atá le heasnaimh áirithe i sainordú an Údaráis a shárú, easnaimh atá ag cur srian faoi láthair ar a chumas tacú le forfheidhmiú trasteorann dhlí an Aontais. Ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun an sprioc sin a bhaint amach. Ní fhorchuirtear leis oibleagáidí dlíthiúla nua ar dhaoine aonair ná ar fhostóirí, ní aistríonn sé inniúlacht forfheidhmiúcháin chuig leibhéal an Aontais ná ní chuireann sé isteach ar chinnteoireacht náisiúnta, ar reachtaíocht náisiúnta ná ar ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin náisiúnta. Thairis sin, fágann sé lánrogha leathan ag na Ballstáit maidir leis an gcaoi a mbaineann siad úsáid as an tacaíocht threisithe a thairgeann an tÚdarás agus dlí an Aontais á chur i bhfeidhm agus á fhorfheidhmiú acu. Ní thugtar leis cumhachtaí uathrialacha cigireachta ná smachtbhannaí don Údarás, ós rud é go bhfuil cigireachtaí, lena n-áirítear iad siúd arna n-iarraidh ag an Údarás, fós faoi réir thoiliú na mBallstát. Ar an gcaoi chéanna, is ar bhonn deonach a ghlacann na Ballstáit páirt san idirghabháil.

Baineann an tionscnamh leas as na ceachtanna a foghlaimíodh ó mheastóireacht 2025 ar an Údarás Eorpach Saothair. Tá sé teoranta i gcónaí do réiteach na n-easnamh sin a éilíonn athruithe reachtacha spriocdhírithe agus nach féidir leis an Údarás Eorpach Saothair iad a leigheas i gcomhthéacs an chreata dhlíthiúil atá aige faoi láthair. Tá aghaidh á tabhairt ar na ceachtanna eile uile a foghlaimíodh tríd an meastóireacht i bplean gníomhaíochta a d'fhormhuinigh Bord Bainistíochta an Údaráis i mí na Bealtaine 2026. Leagtar amach sa Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair a ghabhann leis an togra seo an chaoi a mbaintear cothromaíocht iomchuí amach leis an togra maidir lena chuspóirí éagsúla a bhaint amach. Tá an t-athbhreithniú seo teoranta do na coigeartuithe ar an sainordú is gá a dhéanamh agus príomhchuspóirí agus cúraimí an Údaráis á bhfágáil gan athrú an tráth céanna.

Le leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/589, seachas na leasuithe sin a bhaineann le hathroinnt cúraimí idir an tÚdarás agus an Coimisiún, ní athraítear aon ghné fhíor-riachtanach de chreat rialála EURES. Ní dhéanann siad ach deireadh a chur le hoibleagáidí tuairiscithe agus leis an ualach riaracháin, i gcás nach bhfuil gá leo sin d'fheidhmiú éifeachtúil líonra EURES.

- **An rogha ionstraime**

Is rialachán é an ionstraim atá beartaithe, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/1149 agus (AE) 2016/589. Tá bonn cirt le rogha na hionstraime seo mar gheall ar phrionsabal na comhthreomhaireachta foirmeacha trína gcaithfidh an gníomh leasaitheach a bheith den chineál céanna gnímh leis an ngníomh atá le leasú. Meastar gurb í an ionstraim reachtach sin an ionstraim is oiriúnaí toisc go bhfuil cúiseanna na bhfadhbanna sainaitheanta fréamhaithe sa reachtaíocht atá ann faoi láthair agus nach féidir iad a réiteach trí bhearta neamhreachtacha amháin. Soláthraítear le rialachán leasaitheach an deimhneacht dhlíthiúil is gá chun cuspóirí an tionscnaimh seo a bhaint amach.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Leanann an togra seo meastóireacht 2025 ar an Údarás Eorpach Saothair, inar cinneadh gur thosaigh an tÚdarás Eorpach Saothair ag obair i dtreo a chuspóirí faoi dheireadh an chéad seimeastair 2023, agus aghaidh á tabhairt aige ar riachtanas nár comhlíonadh roimhe seo maidir le tacaíocht oibríochtúil i gcur chun feidhme bheartais an Aontais maidir le soghluaisteacht an lucht saothair. Mar sin féin, bhí sé deacair measúnú foriomlán cinntitheach a dhéanamh ar a fheidhmíocht mar gheall ar easpa táscairí toraidh[23].

Leis an tionscnamh seo, féachtar leis na ceachtanna a foghlaimíodh sa mheastóireacht a chur chun feidhme, ceachtanna nach féidir aghaidh a thabhairt orthu trí phlean gníomhaíochta an Údaráis amháin ach a bhfuil gá le hathruithe reachtacha spriocdhírithe ina leith. Go háirithe, cuirtear i dtábhacht sa mheastóireacht teorainneacha áirithe i sainordú an Údaráis a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'acmhainneacht an Údaráis. Baineann na teorainneacha sin, mar shampla, le hinniúlachtaí láimhseála sonraí, comhar leis na Ballstáit maidir le cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha, soláthar faisnéise méadaithe, ról an Údaráis i gcásanna a bhaineann le hoibrithe náisiúnacha tríú tír áirithe agus a fhreagrachtaí maidir le EURES[24].

Baintear leas sa togra seo as an mbunstaidéar[25] a thacaigh leis an meastóireacht, lena soláthraítear mionanailís ar éifeachtúlacht, éifeachtacht, comhleanúnachas, breisluach AE agus ábharthacht an Údaráis.

Cuireann an togra seo freisin leis an bhfianaise a bailíodh i gcomhthéacs tuarascálacha ábhartha eile ar chur chun feidhme agus ar ghníomhaíochtaí, go háirithe an tuarascáil dhébhliantúil EURES is déanaí ó 2025[26] agus tuarascáil cur chun feidhme 2024 maidir leis an Treoir maidir le hOibrithe a Phostú[27]. Thairis sin, i gcás inarb ábhartha, tugann sé dá aire meastóireacht chomhpháirteach 2024 ar na ceithre ghníomhaireacht dhíláraithe eile de chuid an Aontais a luadh roimhe seo i réimse na fostaíochta agus na ngnóthaí sóisialta[28].

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Bailíodh tuairimí na bpáirtithe leasmhara i bhformáidí éagsúla. Mar a luaitear thuas, cuireann an togra seo le haghaidh athbhreithnithe leis na sonraí a bailíodh agus leis an anailís a rinneadh i gcomhthéacs mheastóireacht 2025 ar an Údarás agus leis an staidéar a thacaíonn leis an meastóireacht sin. Sa chomhthéacs sin, rinneadh comhairliúcháin fhorleathana trí mheascán gníomhaíochtaí. Áiríodh orthu sin suirbhé poiblí de chuid an Aontais, glao poiblí ar fhianaise, suirbhé a bhí dírithe ar pháirtithe leasmhara an Údaráis Eorpaigh Saothair, agus ar bhaill foirne an Údaráis Eorpaigh Saothair agus ar chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta,

---

23 SWD(2025) 128 final, lgh. 60, 63.

24 SWD(2025) 128 final, lch. 66.

25 Staidéar a thacaíonn leis an meastóireacht ar an Údarás Eorpach Saothair, 2025.

26 COM(2025) 538 final

27 Monica Andriescu et al. (2024), *Study supporting the Monitoring of the Posting of Workers Directive 2018/957/EU and of the Enforcement Directive 2014/67/EU: The situation of temporary cross-border mobile workers and workers in subcontracting chains.*

28 Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: Meastóireacht ar Ghníomhaireachtaí an Aontais: Eurofound, Cedefop, ETF agus EU-OSHA, SWD(2024) 222 final.

agallaimh dhoimhne le príomhpháirtithe leasmhara agus ceardlann leis na comhpháirtithe sóisialta.

Chun dúbailt oibre a sheachaint, lean gníomhaíochtaí comhairliúcháin breise i gcomhthéacs an mheasúnaithe tionchair cur chuige spriocdhírithe a raibh sé d'aidhm aige torthaí na meastóireachta a fhorlíonadh agus a dhírigh ar na príomh-shaincheisteanna a ardaíodh inti. Chuige sin, bailíodh tuilleadh aiseolais ó chomhaltaí Bhord Bainistíochta an Údaráis tar éis fhoilsiú na meastóireachta. Ina theannta sin, tionóladh idirphlé cur chun feidhme spriocdhírithe maidir le soghluaisteacht chothrom an lucht saothair[29] le 29 bpáirtí leasmhara seachtracha i mí Mheán Fómhair 2025. Ba dhíol sásaimh do na rannpháirtithe uile san idirphlé an fógra maidir leis an bPacáiste um Shoghluaisteacht Chothrom an Lucht Saothair. Leag siad béim ar an ngá atá le bearta a chuireann leis na huirlisí atá ann cheana chun an tsoghluaisteacht a dhéanamh níos cothroime, chun cearta oibrithe a chosaint agus chun tacú le gnólachtaí. D'iarr na rannpháirtithe go háirithe go mbeadh cumhachtaí méadaithe ag an Údarás chun cigireachtaí comhpháirteacha a eagrú, an t-áireamhán luacha saothair maidir le hoibrithe a phostú a thabhairt chun críche, leanúint d'fheasacht a mhúscailt faoi chearta oibrithe, cuidiú leis na suíomhanna gréasáin náisiúnta aonair a chomhchuibhiú agus tacú le rialú cáilíochta maidir le cruinneas na faisnéise agus sonraí a phróiseáil chun cásanna dúshaothraithe saothair a shainaithint go héifeachtach.

Tar éis an idirphlé cur chun feidhme, tionóladh éisteacht thiomnaithe leis na comhpháirtithe sóisialta maidir leis an bPacáiste um Shoghluaisteacht Chothrom an Lucht Saothair i mí na Samhna 2025. Rinneadh ionadaíocht ar 51 eagraíocht fostóirí agus ballraíochta gnó éagsúla agus ar cheardchumainn. Seoladh 10 n-aighneacht i scríbhinn chuig an gCoimisiún tar éis na héisteachta. Cé go raibh tuairimí éagsúla ann maidir le deis agus raon feidhme an athbhreithnithe, shainaithin gach eagraíocht comhpháirtíochta sóisialta réimsí inar thacaigh siad le hoibríochtaí an Údaráis a neartú.

Rinneadh glao poiblí ar fhianaise maidir leis an Údarás Eorpach Saothair a neartú trí athbhreithniú a dhéanamh ar a shainordú ón 5 Nollaig 2025 go dtí an 2 Eanáir 2026. Fuarthas 56 aighneacht i scríbhinn san iomlán. Tá na haighneachtaí uile ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin oifigiúil an Choimisiúin[30].

Tá na sonraí maidir le modhanna comhairliúcháin agus tuairimí na bpáirtithe leasmhara le fáil in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair. Tugadh aird chuí ar an ionchur a fuarthas agus an togra seo á ullmhú.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Bhí an Coimisiún ag brath ar shaineolas inmheánach agus seachtrach agus an togra seo agus an Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair a ghabhann leis á n-ullmhú aige. Cuireadh roinnt tuarascálacha agus staidéar a choimisiúnaigh an Coimisiún san áireamh sa tionscnamh seo. Áirítear orthu sin an staidéar a thacaíonn leis an meastóireacht ar an Údarás Eorpach Saothair, arna chomhlánú le sainchomhairle ó líonra MoveS de shaineolaithe dlí i réimse na soghluaisteachta laistigh den Aontas agus sonraí arna mbailiú ag an Líonra Staidrimh FMSSFE faoi stiúir Institiúid Taighde KU Leuven um Obair agus an tSochaí (HIVA). Cuirtear san áireamh sa togra freisin rún ó Pharlaimint na hEorpa[31] an 18 Eanáir 2024 maidir leis an athbhreithniú ar shainordú an Údaráis.

---

29 Idirphlé cur chun feidhme maidir le soghluaisteacht chothrom an lucht saothair, an 16 Meán Fómhair 2025

30 Glao ar fhianaise – An tÚdarás Eorpach Saothair a neartú trí athbhreithniú a dhéanamh ar a shainordú

31 P9_TA(2024)0052

Ina theannta sin, taighde acadúil ábhartha chomh maith le raon leathan foilseachán ó institiúidí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais (Parlaimint na hEorpa. Chuir an tÚdarás, Eurofound, Eurojust), seirbhísí tiomnaithe de chuid an Choimisiúin (An Eoraip Agatsa, SOLVIT) agus eagraíochtaí idirnáisiúnta (EIS, ECFE) eolas ar fáil don togra seo. Tá forléargas mionsonraithe ar an litríocht ábhartha a breithníodh sa Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair.

- **Measúnú tionchair**

I gcomhréir lena bheartas maidir le Rialáil Níos Fearr, rinne an Coimisiún measúnú tionchair ar roghanna beartais agus an tionscnamh seo á ullmhú. Tá an Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair[32] agus a hAchoimre Feidhmiúcháin[33] ar fáil go poiblí. Tacaíodh leis an obair sin trí chomhairliúchán struchtúrtha laistigh den Choimisiún trí ghrúpa stiúrtha idirsheirbhíse.

Tugann na roghanna beartais éagsúla a ndearnadh anailís agus meastóireacht orthu aghaidh ar na fadhbanna a sainaithníodh i ndáil le ceithre phríomhréimse beartais: 1) soláthar faisnéise, 2) EURES, 3) comhar agus forfheidhmiú, agus 4) idirghabháil. I gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, rinneadh measúnú ar thionchair na roghanna beartais in aghaidh chritéir na héifeachtachta, na héifeachtúlachta, an chomhleanúnachais agus na comhréireachta, i gcoibhneas leis an gcás bunlíne, nach ndéanfaí sainordú an Údaráis a choigeartú faoina bhun agus nach dtabharfaí aghaidh ar dhúshláin ach amháin trí bhearta neamhreachtacha, lena n-áirítear an plean gníomhaíochta thuasluaite. Mar thoradh ar an anailís sin, tá pacáiste beart spriocdhírithe á chur chun cinn anois, lena dtugtar aghaidh ar na heasnaimh a sainaithníodh i réimsí sonracha. Is é an aidhm atá ann acmhainneacht oibríochtúil an Údaráis a fheabhsú, agus a phríomhchuspóirí agus a phríomhchúraimí á gcoinneáil ar bun an tráth céanna.

I ndáil le soláthar faisnéise, áiríodh ar na roghanna (i) an tÚdarás ag bainistiú deontas chun tacú le soláthar faisnéise pearsantaithe agus comhairleoireacht trí eagraíochtaí seachtracha, nó (ii) an tÚdarás ag soláthar na tacaíochta sin go díreach. Is é bainistiú deontas an rogha is éifeachtúla agus is comhréirí, ós rud é go ngiarálann sé an saineolas áitiúil agus earnála atá ann cheana agus na costais sheasta arda a bhainfeadh le go ndéanfadh an tÚdarás acmhainneachtaí comhairleacha díreacha a fhorbairt á seachaint an tráth céanna.

Maidir le EURES, i measc na roghanna beartais bhí (i) cathaoirleach an Ghrúpa Comhordaithe Eorpaigh agus úinéireacht chóras TF thairseach EURES a athshannadh don Choimisiún go (ii) na cúraimí uile a bhaineann le EURES a aistriú go hiomlán chuig an gCoimisiún nó (iii) na cúraimí uile a aistriú go hiomlán chuig an Údarás. Leis an gcéad cheann de na roghanna sin, déantar láidreachtaí an dá institiúid a ghiaráil agus is féidir sineirgí a uasmhéadú le huirlisí TF eile arna mbainistiú ag an gCoimisiún chomh maith le líonraí eile arna mbainistiú ag an Údarás Eorpach Saothair. Faoin rogha sin, beidh an tÚdarás fós i gceannas ar gach cúram eile de chuid Oifig Eorpach Comhordúcháin líonra EURES.

I réimse an chomhair agus an fhorfheidhmithe, bhain na roghanna uile a breithníodh le cumhacht a thabhairt don Údarás Eorpach Saothair rochtain a fháil ar fhaisnéis oibríochtúil agus í a phróiseáil, lena n-áirítear sonraí pearsanta agus a shainordú a shoiléiriú chun tacú le cearta fostaíochta agus slándála sóisialta náisiúnach tríú tír áirithe a chosaint. Mar sin féin, bhí na roghanna éagsúil maidir le cigireachtaí a thionscnamh, (i) a gcineál deonach a choinneáil ar bun do na Ballstáit mar aon le dualgas níos láidre comhoibriú nó (ii) an tÚdarás a chumhachtú chun cigireachtaí sainordaitheacha a fhorchur. I measc na bhforoghanna foirne bhí pointí teagmhála áitiúla, díorma ar iasacht d'Oifigigh Idirchaidrimh Cigireachta Náisiúnta nó cigirí

[32] SWD(2026) 986
[33] SWD(2026) 987

buana de chuid an Údaráis. Táthar i bhfabhar cigireachtaí deonacha agus dualgas comhair níos láidre toisc go gcothromaíonn an rogha sin éifeachtacht le hinniúlachtaí náisiúnta. Is é díorma tiomnaithe de chigirí ar iasacht an rogha foirne a roghnaíodh, toisc go bhfuil an t-eolas agus na líonraí áitiúla riachtanacha ag cigirí ar iasacht a bhfuil gá leo chun droichead oibríochtúil a sholáthar ar chostas réasúnta.

Maidir le hidirghabháil, áiríodh ar na roghanna (i) an nós imeachta casta a shimpliú chun a úsáid dheonach a dhreasú nó (ii) coinníollacha níos déine a thabhairt isteach lena gceanglaítear ar na Ballstáit réasúnuithe foirmiúla, réasúnaithe a sholáthar maidir le diúltú d'idirghabháil. Is é an chéad rogha an nós imeachta a shimpliú, toisc go meastar go laghdóidh sé achrann riaracháin gan dochar a dhéanamh don mhuinín fhrithpháirteach is gá chun díospóidí a réiteach go deonach.

Leis an bpacáiste sin de bhearta spriocdhírithe, cuirfear feabhas ar chosaint d'oibrithe, lena n-áirítear náisiúnaigh tríú tír, ós rud é go dtabharfaidh cigireachtaí níos spriocdhírithe agus níos éifeachtaí cúnamh le comhlíonadh na gcaighdeán saothair a fhorfheidhmiú. Bainfidh oibrithe agus cuardaitheoirí poist buntáistí freisin as soghluaisteacht trasteorann níos rianúla mar gheall ar sholáthar faisnéise, comhairleoireacht agus meaitseáil poist a bheidh feabhsaithe trí EURES. Tairbheoidh fostóirí de laghdú ar iomaíocht éagórach agus as meaitseáil poist fheabhsaithe trí EURES, rochtain níos fearr ar fhaisnéis agus ar chomhairleoireacht, rud a laghdóidh na costais chomhlíonta agus earcaíochta a bhaineann le hoibríochtaí trasteorann. Beidh tionchar dearfach ar leith ag an 3,6 milliún FBM san Aontas atá ag iarraidh earcú go hidirnáisiúnta, ós rud é go ndéanann castacht rialála agus éiginnteacht difear díréireach dóibh i gcomparáid le cuideachtaí móra, agus gur dóchúla go mbeidh siad ag brath ar sheirbhísí EURES. Bainfidh na húdaráis náisiúnta tairbhe as tacaíocht fheabhsaithe do ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin agus as nósanna imeachta idirghabhála cuíchóirithe lena laghdófar na costais riaracháin a eascraíonn as díospóidí neamhréitithe, d'ainneoin inniúlachtaí náisiúnta.

Ní fhorchuirtear leis an tionscnamh oibleagáidí dlíthiúla nua ná costais chomhlíontachta ghaolmhara ar shaoránaigh ná ar ghnólachtaí. Beidh deischostais ar údaráis náisiúnta mar gheall ar bhall foirne breise amháin in aghaidh an Bhallstáit a thabhairt ar iasacht don Údarás Eorpach Saothair. Mar sin féin, meastar go ndéanfar an costas sin a fhritháireamh leis na tairbhí a fhaightear trí chigireachtaí níos spriocdhírithe agus trí thacaíocht anailíseach fheabhsaithe.

Tá méadú buiséadach inchosanta i gceist leis an togra, rud a chainníochtaítear i Roinn 4 thíos agus sa Ráiteas Reachtach Airgeadais agus Digiteach a ghabhann leis.

Cuireadh an Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair faoi bhráid an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála agus pléadh leis an mBord í. Tugadh aghaidh ar mholtaí an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála sa tuairim dhiúltach uaidh an 4 Bealtaine 2026. Go háirithe: (i) léiríodh torthaí mheastóireacht 2025 ar an Údarás go cruinn, (ii) feabhsaíodh an loighic idirghabhála le sonraí breathnóireachta breise a mhéid a bhaineann le sainiú na faidhbe, (iii) soiléiríodh raon feidhme an athbhreithnithe ar an sainordú a mhéid a bhaineann le hoibrithe náisiúnta tríú tír áirithe, (iv) leagadh amach an réasúnaíocht maidir le leanúint de ghníomhaíochtaí áirithe de chuid an Údaráis, agus (v) tugadh isteach córas faireacháin feidhmíochta lena n-áirítear eochairtháscairí feidhmíochta sealadacha. Tar éis na gcoireartuithe sin, thug an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála, thug sé tuairim dhearfach an 3 Iúil 2026, cé gur chuir sé ábhair imní in iúl. Chun aghaidh a thabhairt ar na forchoimeádais atá fós ann, tugadh bunús breise leis na fadhbanna a sainaithníodh sa Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair agus san anailís ar

thionchair na roghanna éagsúla. Tá an dá thuairim ón mBord um Ghrinnscrúdú Rialála[34] ar fáil go poiblí.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Deimhníodh i meastóireacht 2025 ar an Údarás Eorpach Saothair nach bhforchuirtear oibleagáidí díreacha ar ghnólachtaí ná ar shaoránaigh faoi láthair le Rialachán (AE) 2019/1149[35]. Cuireann sé sin teorainn leis an raon feidhme chun costais chomhlíontachta a laghdú don earnáil phríobháideach. Dírítear sa togra ar chreat oibríochtúil an Údaráis agus ar a chomhar leis na Ballstáit. Ní fhorchuirtear leis aon ualach riaracháin nua ná aon oibleagáid tuairiscithe nua ar ghnólachtaí ná ar shaoránaigh, rud a d'fhágfadh go mbeadh costais bhreise chomhlíontachta ann.

Os a choinne sin, mar a leagtar amach san fhoroinn roimhe seo, ginfidh an togra coigilteas costais indíreach do ghnólachtaí, go háirithe FBManna, trí chostais riaracháin oibríochtaí trasteorann a laghdú chomh maith le saobhadh eacnamaíoch a eascraíonn as neamhchomhlíonadh caighdeán saothair a laghdú. Dá bhrí sin, beidh glantionchar dearfach ag an tionscnamh ar an ualach riaracháin ar ghnólachtaí agus ar shaoránaigh. Meastar freisin go mbeidh glantionchar dearfach beag ag an togra ar iomaíochas ghnólachtaí an Aontais, go háirithe FBManna, toisc go rannchuideoidh sé le feidhmiú ghné an tsaothair de Mhargadh Aonair an Aontais, rud a chuideoidh le haghaidh a thabhairt ar an riosca a bhaineann le ganntanais saothair agus scileanna, a fheabhsóidh earcaíocht trasteorann agus a d'fhéadfadh oibríochtaí trasteorann a spreagadh trí fhaisnéis níos fearr.

Cuid de na coigeartuithe spriocdhírithe atá beartaithe, rannchuideoidh siad freisin le simpliú d'údaráis náisiúnta agus d'institiúidí an Aontais agus don Údarás Eorpach Saothair, rud a chuirfidh feabhas ar éifeachtúlacht riaracháin. Áirítear ar na príomhbhearta rialachas ilroinnte EURES idir an Coimisiún agus an tÚdarás a réiteach, agus an nós imeachta casta ilchéimneach idirghabhála a shimpliú chun bacainní nós imeachta do na Ballstáit a laghdú.

Ina theannta sin, leis na coigeartuithe spriocdhírithe atá beartaithe ar Rialachán (AE) 2016/589, simpleofar creat rialála EURES, rud a laghdóidh an t-ualach riaracháin ar riaracháin náisiúnta agus ar chomhaltaí agus comhpháirtithe príobháideacha EURES. Áirítear leis sin laghdú ar mhinicíocht an tuairiscithe ar ghníomhaíocht EURES chun a áirithiú go leanfaidh an ceanglas sin de bheith comhréireach leis an gcuspóir atá le baint amach, chomh maith le roinnt gníomhartha cur chun feidhme a aisghairm.

Go sonrach, déantar foráil faoi láthair i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1256 ón gCoimisiún maidir le teimpléid agus nósanna imeachta chun faisnéis a mhalartú maidir le cláir oibre náisiúnta líonra EURES (timthriall clársceidealaithe EURES). Ar an gcaoi chéanna, leagtar síos i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/170 ón gCoimisiún sonraíochtaí maidir le sonraí a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú líonra EURES (Córas Tomhais Feidhmíochta EURES). Chun an t-ualach riaracháin ar riaracháin náisiúnta agus ar chomhaltaí agus comhpháirtithe príobháideacha EURES a laghdú, agus níos mó solúbthachta á ceadú an tráth céanna, is leor eilimintí riachtanacha an dá ghníomh cur chun feidhme sin a chomhtháthú go díreach i Rialachán (AE) 2016/589, agus na mionsonraí a fhágáil le sainiú ag Oifig Eorpach Comhordúcháin líonra EURES.

Thairis sin, ghlac an Coimisiún an leagan de ESCO a úsáidtear in EURES trí Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1020 ón gCoimisiún, ina dtagraítear don leagan den aicmiú Eorpach a foilsíodh an 28 Iúil 2017. I bhfianaise éabhlóid thapa an mhargaidh saothair,

[34] SEC(2026) 985

[35] SWD(2025) 128 final, lch. 112.

modhnófar Rialachán (AE) 2016/589 chun prionsabal chur chun feidhme uathoibríoch an leagain is déanaí de ESCO ag an gCoimisiún a thabhairt isteach, gan gá le gníomh cur chun feidhme a ghlacadh gach uair a bheidh leagan nua ar fáil.

Ar deireadh, má chinneann na Ballstáit gan ESCO a ghlacadh ar an leibhéal náisiúnta, tá sé d'oibleagáid orthu faoi láthair táblaí comhfhreagrais a chur ar fáil agus a choinneáil ar bun idir córais aicmithe náisiúnta a úsáidtear chun faisnéis a thaifeadadh maidir le gairmeacha agus scileanna i bhfolúntais phoist agus CVanna a aistrítear chuig EURES agus an leagan is infheidhme de ESCO. Ní mór na táblaí comhfhreagrais sin a tháirgeadh de réir caighdeáin theicniúla agus formáidí teicniúla a leagtar síos i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1021 ón gCoimisiún. D'fhonn an t-ualach riaracháin gaolmhar ar údaráis náisiúnta a laghdú, cur chun feidhme a éascú agus cáilíocht sonraí a fheabhsú, glacfaidh an Coimisiún ar láimh ullmhú, cothabháil agus cur chun feidhme na dtáblaí comhfhreagrais sin ó na Ballstáit. Ar an gcúis sin, ní gá a thuilleadh foráil a dhéanamh maidir le caighdeáin theicniúla a ghlacadh le haghaidh cur chun feidhme aonfhoirmeach trí ghníomh cur chun feidhme.

Fágfaidh na leasuithe sin go mbeidh na Cinntí Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún atá i gceist iomarcach.

- **Cearta bunúsacha**

Neartóidh an tionscnamh seo cumas an Údaráis rannchuidiú le forfheidhmiú rialacha an Aontais i réimse shoghluaisteacht trasteorann an lucht saothair agus chomhordú na slándála sóisialta, agus dá bhrí sin le cearta bunúsacha gaolmhara a chosaint. Áirítear ar na cearta bunúsacha sin saoirse gluaiseachta agus saoirse gairme agus an ceart chun obair a dhéanamh (Airteagail 15 agus 45 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, dá ngairtear 'an Chairt' anseo feasta), an ceart chun rochtain a fháil ar sheirbhísí socrúcháin (Airteagal 29 den Chairt), agus an tsaoirse chun gnó a sheoladh (Airteagal 16 den Chairt). Trí rochtain fheabhsaithe ar fhaisnéis agus ar chomhairleoireacht chomh maith lena ról forfheidhmiúcháin, leanfaidh an tÚdarás freisin de thacaíocht a thabhairt d'fheidhmiú éifeachtach ceart i réimse na ndálaí oibre cothroma agus córa, na slándála sóisialta agus an chúraim sláinte (Airteagail 31, 34 agus 35 den Chairt) agus an neamh-idirdhealaithe (Airteagal 21 den Chairt) agus maidir le ceart na n-oibrithe chun faisnéise agus comhairliúcháin (Airteagal 27) agus leis an gceart chun leigheas éifeachtach (Airteagal 47 den Chairt) i gcomhthéacsanna trasteorann.

Bheadh rochtain mhéadaithe ar shonraí agus próiseáil mhéadaithe sonraí ag an Údarás leagtha amach go docht agus curtha chun feidhme i gcomhréir iomlán le cosaint sonraí pearsanta (Airteagal 8 den Chairt). Áiritheofar le coimircí iomchuí nach mbainfidh acmhainneacht fheabhsaithe forfheidhmiúcháin an bonn de chearta daoine aonair. Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le haon phróiseáil sonraí pearsanta a dhéanann an tÚdarás.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tá impleachtaí buiséadacha ag an togra seo ar leibhéal an Aontais. Chun acmhainneacht oibríochtúil an Údaráis a threisiú, tá gá le hacmhainní breise daonna agus airgeadais. Baineann an costas sin go háirithe le feabhsuithe a bhaineann le soláthar faisnéise agus comhairleoireacht do dhaoine aonair agus d'fhostóirí trí dheontais a sholáthar, acmhainneacht chigireachta mhéadaithe, acmhainneacht inmheánach anailíse sonraí a fhorbairt agus freagrachtaí comhlántacha an Údaráis maidir le náisiúnaigh tríú tír. Níl impleachtaí buiséadacha ag baint leis na coigeartuithe i réimse na hidirghabhála.

An tráth céanna, ba cheart iarracht chórasach laistigh den Údarás Eorpach Saothair a bheith ag gabháil leis an athbhreithniú, iarracht chun féidearthachtaí a shainaithint maidir le hacmhainní

airgeadais agus daonna a ath-leithdháileadh, gnóthachain éifeachtúlachta agus tosaíocht níos géire a thabhairt do ghníomhaíochtaí ar fud an tsainordaithe atá aige cheana. Ba cheart a áireamh leis sin athbhreithniú ar réimsí ina bhféadfar cúraimí a chuíchóiriú, cúraimí a ghearradh siar nó tosaíocht a bhaint de chúraimí, chomh maith le sainaithint tosaíochtaí diúltacha chun a áirithiú go ndíreofar acmhainní ar ghníomhaíochtaí a bhfuil an breisluach Aontais is airde ag baint leo. Sa chomhthéacs sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chaiteachas a bhaineann le EURES, d'fhonn coigilteas agus gnóthachain éifeachtúlachta a shainaithint ar féidir leo rannchuidiú le straitéis EURES 2030 agus straitéis thairseach EURES a sheachadadh ar bhealach níos éifeachtaí. Le cur chuige den sórt sin, chuideofaí le tionchar buiséadach foriomlán an togra a shrianadh agus áiritheofaí an tráth céanna go mbeadh an tÚdarás Eorpach Saothair in ann acmhainní a dhíriú ar na cuspóirí oibríochtúla is ábhartha agus is mó tionchar.

Tá impleachtaí airgeadais mionsonraithe an togra leagtha amach sa Ráiteas Reachtach Airgeadais agus Digiteach a ghabhann leis an togra. Is chun críoch léiriúcháin amháin a thugtar na himpleachtaí airgeadais agus foirne a mheastar a bheidh ann do 2028 agus ina dhiaidh sin agus ní thagann siad roimh chinntí maidir leis an gcéad bhuiséad ilbhliantúil eile de chuid an Aontais (creat airgeadais ilbhliantúil 2028-2034). Beidh foinsí cistiúcháin agus méid ghealltanas airgeadais an Aontais tar éis 2027 ag brath ar thoradh na caibidlíochta idirinstitiúidí maidir le creat airgeadais ilbhliantúil 2028-2034. Ina dhiaidh sin, ní mór iad a chinneadh tríd an nós imeachta buiséadach bliantúil. Dá bhrí sin, is leithreasuithe táscacha iad na leithreasuithe agus na leithdháiltí foirne uile ó 2028 ar aghaidh.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Beidh faireachán ar na cúraimí nua a shanntar don Údarás tríd an togra seo mar chuid de chórais tomhais feidhmíochta an Údaráis, arna n-athchóiriú i gcomhréir leis an bplean gníomhaíochta thuasluaite. Cumhdaítear leis sin cuspóirí mionsonraithe agus na torthaí a bhfuiltear ag coinne leo a leagan amach sa chlársceidealú bliantúil agus ilbhliantúil, lena n-áirítear trí chuspóirí SMART athshainithe agus príomhtháscairí feidhmíochta fóinteacha.

Go háirithe, déanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na húdaráis náisiúnta ábhartha agus leis na gníomhaireachtaí díláraithe ábhartha, faireachán ar ghnóthú chuspóirí sonracha an togra seo. Leagtar amach mionsonraí, lena n-áirítear táscairí sealadacha chun na críche sin, sa Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair a ghabhann leis an togra seo, ina léirítear go mbeidh an mheastóireacht ar an Rialachán maidir leis an Údarás Eorpach Saothair bunaithe ar tháscairí sonracha lena dtomhaistear an líon daoine aonair agus na bhfostóirí a sroicheadh agus a sástacht leis an bhfaisnéis a soláthraíodh; leibhéal sástachta Líonra EURES lena rialachas, an líon agus an sciar socrúchán poist, sástacht le tairseach EURES, agus cumhdach CVanna agus folúntas ar an tairseach; líon, cóimheas agus cumhdach na gcigireachtaí comhbheartaithe agus comhpháirteacha spriocdhírithe, sásamh le tacaíocht oibríochtúil an Údaráis agus an sciar de chigireachtaí comhbheartaithe agus comhpháirteacha a dtacaítear leo le hanailís rioscabhunaithe; agus, i gcás idirghabhála, an líon cásanna a thugtar chun idirghabhála agus a réitítear, fad an nós imeachta agus sásamh leis.

Thairis sin, leanfaidh an Coimisiún de mheastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Údaráis i ndáil lena chuspóirí, lena shainordú agus lena chúraimí gach 5 bliana i gcomhréir le hAirteagal 40 de Rialachán (AE) 2019/1149 agus i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin Airgeadais agus na dTreoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr. Déanfar an chéad mheastóireacht eile in 2029 agus cumhdófar inti an tréimhse ó 2024 go 2028. Mar chuid den mheastóireacht

sin, déanfar measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil gá le raon feidhme ghníomhaíochtaí an Údaráis a mhodhnú, lena n-áirítear déanamh amhlaidh trí scor féideartha de chúraimí aonair amhail comhordú EURES (lena n-áirítear na cúraimí a aistrítear chuig an gCoimisiún).

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Le hAirteagal 1 den togra, tugtar isteach roinnt leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/1149.

(1) Leasaítear Airteagal 1(2), agus cuirtear Airteagal 1(4a) isteach chun sainordú an Údaráis a shoiléiriú i gcás ina mbaineann a ghníomhaíochtaí le hoibrithe áirithe ar náisiúnaigh tríú tír iad laistigh den Aontas. Cuirtear ar a chumas don Údarás cúnamh a thabhairt do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar chearta fostaíochta agus slándála sóisialta na n-oibrithe sin, mar a leagtar síos i bhforálacha sonracha de Threoracha 2009/52/CE, 2014/36/AE, (AE) 2024/1233 agus de Threoir 2001/55/CE ón gComhairle, ar bhealach coimhdeach, i.e. i gcás inar gá sin chun cúraimí an Údaráis a chur i gcrích go héifeachtach. Cuirtear isteach Airteagal 1(4)(j) agus (k) chun an Rialachán maidir le comhéadan poiblí atá nasctha le IMI le haghaidh dearbhú maidir le hoibrithe a phostú a áireamh chomh maith leis an Treoir lena leagtar síos rialacha sonracha maidir le tiománaithe a phostú in earnáil an iompair de bhóthar i raon feidhme ghníomhaíochtaí an Údaráis mar gheall ar an nasc atá acu le cur i bhfeidhm Threoir 2014/67/AE. Leasaítear Airteagal 1(5) chun sainordú sainráite a thabhairt don Údarás chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist an dúshaothraithe saothair.

(2) In Airteagal 2, leasaítear pointe (a) chun an leasú ar Airteagal 1 a léiriú a mhéid a bhaineann le tacaíocht chun cearta oibrithe áirithe ar náisiúnaigh tríú tír iad a fhorfheidhmiú. Leasaítear pointe (b) chun a shoiléiriú cé acu de chúraimí an Údaráis a bhaineann lena chuspóir comhar idir na Ballstáit a éascú agus a fheabhsú. Cuirtear isteach tagairt do chur i bhfeidhm dhlí an Aontais ar mhaithe le comhsheasmhacht le hAirteagal 1(2). Leasaítear pointe (d) chun sainordú an Údaráis maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshaothrú saothair a léiriú.

(3) Cuirtear Airteagal 3(3) isteach chun an ceanglas a chomhlíonadh go ndéanfar foráil maidir le suíomh gníomhaireachta díláraithe i ngníomh arna ghlacadh tríd an ngnáthnós imeachta reachtach. Léirítear an leasú sin i gceannteideal an airteagail freisin.

(4) Leasaítear foclaíocht tosaigh Airteagal 5 ar mhaithe le comhsheasmhacht leis an leasú ar Airteagal 1 a mhéid a bhaineann le hoibrithe ar náisiúnaigh tríú tír iad agus chun gur féidir faisnéis níos pearsantaithe a sholáthar. Cuirtear isteach Airteagal 5(g), lena leagtar síos freagracht an Údaráis as feachtais múscailte feasachta a chur chun cinn. Is foráil í sin atá ann cheana a aistrítear ó Airteagal 11(e), ós rud é go mbaineann sí leis an gcúram faisnéis a sholáthar do dhaoine aonair agus d'fhostóirí seachas le fothú acmhainneachta do na Ballstáit. Cuirtear mír nua isteach chun léiriú a thabhairt ar chumhacht an Údaráis deontais a chur ar fáil do thairbhithe mar a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 29, go sonrach maidir le comhairle agus tacaíocht do dhaoine aonair agus d'fhostóirí, chun cabhrú leis an Údarás a chúram dá bhforáiltear sa chéad mhír d'Airteagal 5 a chomhlíonadh ar bhealach níos pearsantaithe.

(5) Leasaítear Airteagal 6 chun úinéireacht chórais thairseach EURES chomh maith leis an bhfeidhm deisce cabhrach d'fhoireann chomhaltaí agus chomhpháirtithe EURES agus d'oifigí comhordúcháin náisiúnta a aistriú ón Údarás chuig an gCoimisiún. Leasaítear an ceannteideal chun ról an Údaráis maidir le EURES a léiriú ar bhealach níos fearr.

(6) Leasaítear Airteagal 7(1)(b) agus (d) chun ligean don Údarás comhar idir na Ballstáit a éascú ar a thionscnamh féin. Leasaítear Airteagal 7(2) chun a shoiléiriú go mbaineann sé leis na réimsí uile laistigh den raon feidhme a leagtar amach in Airteagal 1. Leasaítear Airteagal 7(3) agus (4) chun ról tacaíochta nithiúil a thabhairt don Údarás maidir le húsáid uirlisí leictreonacha, agus chun aird a tharraingt go sainráite ar uirlisí eile seachas IMI atá ábhartha sa chomhthéacs sin agus a n-oibríonn an tÚdarás leo cheana féin.

(7) Leasaítear Airteagal 8(1) chun an leasú ar Airteagal 1 maidir le náisiúnaigh tríú tír a léiriú agus chun ról níos réamhghníomhaí a thabhairt don Údarás maidir le cigireachtaí comhbheartaithe agus comhpháirteacha a thionscnamh. Leasaítear Airteagal 8(2)(a) chun a áirithiú nach dtuigfear go róshriantach an ceanglas gur de chineál comhuaineach iad cigireachtaí comhbheartaithe. Leasaítear Airteagal 8(3) chun a cheangal ar na Ballstáit údar cuí a sholáthar nuair nach nglacann siad páirt i gcigireachtaí comhbheartaithe nó i gcigireachtaí comhpháirteacha agus chun a áirithiú go gcuirfear an tÚdarás agus na hOifigigh Náisiúnta Idirchaidrimh Cigireachta ó na Ballstáit lena mbaineann ar an eolas an tráth céanna nuair a thoilíonn Ballstát le cigireacht. Leasaítear Airteagal 8(4) chun foráil a dhéanamh maidir le sprioc-am faoina mbeidh ar na Ballstáit réasúnuithe a sholáthar i gcás nach mbeidh siad rannpháirteach i gcigireachtaí comhbheartaithe nó i gcigireachtaí comhpháirteacha. Ní thugtar le tuiscint leis sin go dtugtar cumhachtaí cigireachta uathrialacha don Údarás toisc go leanann cigireachtaí den sórt sin, lena n-áirítear na cigireachtaí sin arna n-iarraidh ag an Údarás, de bheith faoi réir thoiliú na mBallstát lena mbaineann.

(8) Leasaítear Airteagal 9(1) chun na ceanglais riaracháin as a dtiocfaidh cigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach a shimpliú. Níor cheart aon chomhaontú foirmiúil i scríbhinn a thabhairt i gcrích roimh gach cigireacht. Leasaítear Airteagal 9(3) chun a áirithiú go ndeonófar inniúlachtaí íosta áirithe do chigirí ó Bhallstáit eile a ghlacann páirt i gcigireachtaí comhbheartaithe agus i gcigireachtaí comhpháirteacha sa Bhallstát ina ndéantar an chigireacht a mhéid a bhaineann le rochtain ar an áitreabh, ar na doiciméid agus ar na taifid atá faoi réir cigireachta. Leasaítear Airteagal 9(4) chun foráil a dhéanamh maidir le nasc idir anailísí an Údaráis agus measúnuithe riosca agus cigireachtaí. Leasaítear Airteagal 9(5) chun na hinniúlachtaí céanna a thabhairt do na hOifigigh Náisiúnta Idirchaidrimh Cigireachta ón mBallstát ina ndéantar an chigireacht agus a thugtar do chigirí ó Bhallstáit rannpháirteacha eile. Cuirtear Airteagal 9(5a) isteach chun foráil a dhéanamh maidir leis an malartú faisnéise is gá idir na Ballstáit agus an tÚdarás i gcomhthéacs cigireachtaí. Leasaítear Airteagal 9(6) chun a áirithiú go bhfaighidh an tÚdarás réamhthuarascálacha ar thorthaí cigireachta níos luaithe ná mar a dhéantar faoi láthair, agus go dtabharfar níos mó ama do na Ballstáit tuarascálacha deiridh a thabhairt i gcrích, agus íoscheanglais a leagan síos maidir le hábhar na dtuarascálacha. Cuirtear Airteagal 9(6a) isteach chun foráil a dhéanamh maidir leis an gcóras bainistithe cásanna, ina bhfuil an tÚdarás Eorpach Saothair le faisnéis a bhaineann le cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha a stóráil.

(9) Leasaítear Airteagal 10(1) chun an leasú ar Airteagal 1 a léiriú a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí lena mbaineann oibrithe ar náisiúnaigh tríú tír iad, chun liosta na ngníomhaithe lena bhfuil an tÚdarás le comhoibriú a leathnú, chomh maith le soiléiriú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil rochtain le fáil ar fhaisnéis a úsáidtear le haghaidh obair anailíseach agus ar an gcaoi a bhfuil sí le próiseáil. Cuirtear

Airteagal 10(1a) isteach chun foráil a dhéanamh maidir le hanailísí riosca de chineál níos oibríochtúla agus maidir leis an nasc atá acu le cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha. Leasaítear Airteagal 10(3) chun a áirithiú go mbeidh anailísí ar rioscaí oibriúcháin mar bhonn eolais don phleanáil oibríochtúil. Leasaítear Airteagal 10(4) chun a shoiléiriú go mbaineann sé leis na réimsí uile laistigh den raon feidhme a leagtar amach in Airteagal 1.

(10) Leasaítear foclaíocht tosaigh Airteagal 11 chun tagairt a chur isteach do chur i bhfeidhm dhlí an Aontais ar mhaithe le comhsheasmhacht le hAirteagal 1(2) agus chun a shoiléiriú go mbaineann sé le gach réimse a thagann faoin raon feidhme a leagtar amach in Airteagal 1. Leasaítear Airteagal 11(d) chun soiléiriú a dhéanamh ar chineál na gclár oiliúna arna bhforbairt ag an Údarás nó ag na Ballstáit le tacaíocht ón Údarás agus ar na páirtithe leasmhara éagsúla a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint astu. Scriostar Airteagal 11(e) toisc go n-aistrítear a inneachar go hAirteagal 5(g).

(11) Leasaítear Airteagal 12(1)(b) chun a shoiléiriú go mbaineann sé le gach réimse laistigh den raon feidhme a leagtar amach in Airteagal 1 agus nach bhfuil an tÚdarás teoranta d'aghaidh a thabhairt ar ghnéithe trasteorann na hoibre neamhdhearbhaithe.

(12) Leasaítear Airteagal 13 chun an nós imeachta casta idirghabhála a shimpliú, chun é a laghdú go céim aonair agus chun cineál ceangailteach nó neamhcheangailteach an chomhaontaithe ar thángthas air a fhágáil faoi na páirtithe lena mbaineann.

(13) Leasaítear Airteagal 14 chun tagairt do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus don Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí a áireamh agus chun aird a tharraingt ar an bhféidearthacht sonraí a chomhroinnt idir ghníomhaireachtaí.

(14) Leasaítear Airteagail 19(2), 21(1), 31(4), (5) agus (7), agus 33(2) agus cuirtear isteach Airteagal 21(1a) chun ailíniú leis an 'gcur chuige coiteann' maidir le gníomhaireachtaí díláraithe agus leis an Rialachán Réime Airgeadais maidir le gníomhaireachtaí díláraithe a áirithiú.

(15) Cuirtear Caibidil IIIa isteach chun sainordú soiléir a thabhairt don Údarás Eorpach Saothair faisnéis oibríochtúil a phróiseáil, lena n-áirítear sonraí pearsanta, agus chun rochtain a thabhairt don Údarás ar an bhfaisnéis sin. Leagtar síos in Airteagal 23a an sainordú ginearálta maidir le próiseáil faisnéise, rialacha a bhaineann le catagóirí speisialta sonraí pearsanta agus fad na stórála, chomh maith leis an bhféidearthacht socruithe déthaobhacha maidir le comhroinnt sonraí a dhéanamh. Baineann Airteagal 23b le rochtain an Údaráis ar IMI, lena n-áirítear ar mhalartuithe idir na Ballstáit a bhaineann le cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha. Baineann Airteagal 23c le rochtain úsáideora an Údaráis ar Chlár Eorpach na nGnóthas Iompair de Bhóthar (ERRU). Baineann Airteagal 23d le rochtain an Údaráis ar shonraí maidir le húsáid IMI, ERRU agus Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta (EESSI), chomh maith le rochtain ar an bhfaisnéis a chuirtear faoi bhráid na mBallstát sna dearbhuithe maidir le postú de bhun an Rialacháin maidir le comhéadan poiblí atá nasctha le IMI le haghaidh dearbhú maidir le hoibrithe a phostú agus de bhun na Treorach lena leagtar síos rialacha sonracha maidir le tiománaithe a phostú in earnáil an iompair de bhóthar. Ina theannta sin, déantar tagairt ann don fhéidearthacht a bheadh ag na Ballstáit malartuithe sonracha a dhéanamh trí na córais malartaithe faisnéise sin, mar aon leis cinn a bhaineann le cigireachtaí comhbheartaithe agus comhpháirteacha, atá ar fáil don Údarás, i gcás ina gcomhaontaíonn na Ballstáit uile lena mbaineann.

(16) In Airteagal 29, cuirtear mír nua isteach chun cumhacht a thabhairt don Údarás deontais a dhámhachtain chun aon cheann dá chúraimí a chomhlíonadh.

(17) Cuirtear Airteagal 32(2a) isteach chun foráil a dhéanamh maidir le hOifigeach Náisiúnta Idirchaidrimh Cigireachta a thabhairt ar iasacht, i.e. cigire ó údarás náisiúnta forfheidhmithe, ó gach Ballstát chuig an Údarás, sa bhreis ar an Oifigeach Náisiúnta Idirchaidrimh atá ann cheana. Déantar leasuithe iarmhartacha ar Airteagal 32(1) agus (2), lena n-áirítear foráil a dhéanamh maidir le freagrachtaí faoi seach an dá ghrúpa d'Oifigigh Náisiúnta Idirchaidrimh. Sonraítear freisin nach n-ainmneoidh na Ballstáit gach Oifigeach Náisiúnta Idirchaidrimh go dtí go bhformheasfaidh agus go n-earcóidh an tÚdarás iad.

(18) Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1149 ag pointí (1), (2) agus (5) chun tagairtí d'obair neamhdhearbhaithe i measc náisiúnaigh tríú tír a chur isteach i gcomhthéacs ghníomhaíochtaí an Ardáin Eorpaigh chun feabhas a chur ar an gcomhar maidir le dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe.

Le hAirteagal 2 den togra, tugtar isteach roinnt leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/589.

(1) Leasaítear Airteagal 3 chun sainmhínithe áirithe a áiríodh roimhe seo i gCinntí Cur Chun Feidhme 2018/1020 agus 2018/1021 ón gCoimisiún a áireamh sa phríomhthéacs, agus chun sainmhíniú ar thionscnamh Scéim Soghluaisteachta Spriocdhírithe EURES a thabhairt isteach.

(2) Leasaítear Airteagal 8 chun na cúraimí tacaíochta a thagann faoi shainchúram Oifig Eorpach Comhordúcháin EURES a shonrú. Áirítear orthu sin gníomhaíochtaí clársceidealaithe, bailithe sonraí agus anailíse. Ní áirítear úinéireacht chórais thairseach EURES nó fheidhm na deisce cabhrach, a aistrítear chuig an gCoimisiún, ar chúraimí na hOifige Eorpaí Comhordúcháin a thuilleadh. Ní gá don Oifig Eorpach Comhordúcháin a thuilleadh struchtúr comhair agus imréitigh a fhorbairt do phrintíseachtaí agus do chúrsaí oiliúna mar gheall ar easpa ábharthacht phraiticiúil an struchtúir sin.

(3) Leasaítear Airteagal 9 chun ról a thabhairt don Choimisiún, mar úinéir córais thairseach EURES, maidir le gearáin agus folúntais phoist a mheastar nach gcomhlíonann siad caighdeáin áirithe a bhaineann le tairseach EURES.

(4) Leasaítear Airteagal 14 chun an cúram freisin do Ghrúpa Comhordúcháin EURES faisnéis ábhartha ó thimthriall clársceidealaithe EURES a shainaithint lena cur isteach i dtuarascálacha ar ghníomhaíochtaí EURES.

(5) Leasaítear Airteagal 16 chun tagairt do thionscnamh Scéim Soghluaisteachta Spriocdhírithe EURES a áireamh sna bearta comhair.

(6) Leasaítear Airteagal 17 chun tagairt d'oibrithe mar sholáthraithe díreacha CVanna agus iarratas ar phoist a chuirtear ar fáil do thairseach EURES a chur san áireamh.

(7) Leasaítear Airteagal 19 chun cuíchóiriú agus simpliú a dhéanamh ar an nós imeachta maidir le ESCO a chur chun feidhme mar an teanga choiteann le haghaidh idir-inoibritheachta agus meaitseáil uathoibrithe. Tugtar de chumhacht don Choimisiún an leagan de ESCO a chuirtear chun feidhme in EURES a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta i gcomhréir le treochtaí sa mhargadh saothair. Is é an Coimisiún atá freagrach as táblaí comhfhreagrais a tháirgeadh agus a choinneáil ar bun idir chórais aicmithe náisiúnta a úsáidtear i bhfolúntais poist agus CVanna agus ESCO. Dá bhrí sin, scriostar na forálacha a thagraíonn do chumhachtaí cur chun feidhme an

Choimisiúin chun an leagan de ESCO a úsáidtear in EURES a ghlacadh agus na caighdeáin theicniúla chun táblaí comhfhreagrais a tháirgeadh.

(8) Leasaítear Airteagal 23 chun tagairt do thionscnamh Scéim Soghluaisteachta Spriocdhírithe EURES a áireamh i measc na seirbhísí tacaíochta do chuardaitheoirí poist.

(9) Leasaítear Airteagal 24 chun tagairt do thionscnamh Scéim Soghluaisteachta Spriocdhírithe EURES a áireamh i measc na seirbhísí tacaíochta d'fhostóirí.

(10) Leasaítear Airteagal 25 chun tagairt do thionscnamh Scéim Soghluaisteachta Spriocdhírithe EURES a áireamh i measc na seirbhísí cúnaimh iar-earcaíochta.

(11) Leasaítear Airteagal 26 chun measúnú míchumais a chur san áireamh i measc na n-ábhar a bhfuil Comhaltaí EURES agus, i gcás inarb ábhartha, Comhpháirtithe EURES le hiarrataí ar fhaisnéis a tharchur chuig na húdaráis inniúla náisiúnta nó chuig comhlachtaí iomchuí eile.

(12) Leasaítear Airteagal 27 chun gnéithe áirithe de na seirbhísí tacaíochta i réigiúin trasteorann a shonrú a thuilleadh.

(13) Leasaítear Airteagal 30 chun ról Oifigí Náisiúnta Comhordúcháin EURES a shonrú tuilleadh san athbhreithniú ar na dréachtchláir oibre náisiúnta bhliantúla. Leis an airteagal, tugtar an fhreagracht freisin as teimpléid a tháirgeadh chun faisnéis a mhalartú idir na Ballstáit chuig an Oifig Eorpach Comhordúcháin.

(14) Leasaítear Airteagal 31 chun an oibleagáid a thabhairt isteach ar Oifigí Náisiúnta Comhordúcháin EURES tuairisciú bliantúil a dhéanamh ar chur chun feidhme na gclár oibre náisiúnta de réir teimpléad arna chur ar fáil ag an Oifig Eorpach Comhordúcháin agus arna fhormheas ag an nGrúpa Comhordaithe Eorpach. Dá réir sin, cuirtear deireadh le cumhachtú an Choimisiúin gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun teimpléid den sórt sin a shainiú.

(15) Leasaítear Airteagal 32 chun nós imeachta agus ábhar na ngníomhaíochtaí bailithe sonraí ag na Ballstáit agus freagrachtaí na hOifige Eorpaí Comhordúcháin a shonrú a thuilleadh.

(16) Leasaítear Airteagal 33 chun tréimhse tuairiscithe ghníomhaíochtaí EURES a shíneadh go 5 bliana.

Le hAirteagal 3 den togra tugtar isteach leasú iarmhartach ar Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012. Ós rud é go leasaítear Rialachán (AE) 2019/1149 chun foráil a dhéanamh maidir le malartú faisnéise trí IMI, ba cheart Rialachán (AE) 2019/1149 a liostú san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012.

Le hAirteagal 4 den togra aisghairtear roinnt Cinntí Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún a bheidh iomarcach mar thoradh ar na leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/589.

2026/0272 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1149 lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair, Rialachán (AE) 2016/589 maidir le líonra Eorpach seirbhísí fostaíochta (EURES), rochtain oibrithe ar sheirbhísí soghluaisteachta agus comhtháthú breise ar mhargaí saothair agus Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh, agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1256, (AE) 2018/170, (AE) 2018/1020 agus (AE) 2018/1021 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 46 agus 48 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[36],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[37],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bunaíodh an tÚdarás Eorpach Saothair (‘an tÚdarás’) le Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38]. Is é cuspóir an Údaráis rannchuidiú le soghluaisteacht chothrom an lucht saothair a áirithiú ar fud an Aontais agus cúnamh a thabhairt do na Ballstáit agus don Choimisiún maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta laistigh den Aontas. Tá cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú éifeachtach dhlí an Aontais sna réimsí sin fíor-riachtanach chun oibrithe taistil a chosaint, iomaíocht chóir idir ghnóthais a áirithiú agus muinín sa mhargadh inmheánach a choinneáil ar bun. Chun a chuspóir a bhaint amach, éascaíonn an tÚdarás rochtain ar fhaisnéis, feabhsaíonn sé an comhar idir na Ballstáit i bhforfheidhmiú dhlí ábhartha an Aontais, déanann sé idirghabháil ar réiteach i gcásanna díospóidí trasteorann agus tacaíonn sé le comhar chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe.

(2) Ó glacadh Rialachán (AE) 2019/1149, tá athrú tagtha ar an gcomhthéacs ina bhfeidhmíonn an tÚdarás. Mar gheall ar luaineacht dhomhanda a bhaineann le

36 IO C […], […], lch. […]

37 IO C […], […], lch. […]

38 Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004, (AE) Uimh. 492/2011, agus (AE) 2016/589 agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2016/344 (IO L 186, 11.7.2019, lch. 21 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1149/oj).

coinbhleachtaí geopholaitiúla leanúnacha chomh maith le hathruithe struchtúracha, amhail forbairtí déimeagrafacha, daonraí in aois oibre atá ag laghdú, ganntanais scileanna, an dlús atá leis an aistriú digiteach agus cur in úsáid na hintleachta saorga, cuirtear leis an ngá atá le soghluaisteacht an lucht saothair mar bheartas lárnach chun iomaíochas an mhargaidh inmheánaigh a chosaint.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 40 de Rialachán (AE) 2019/1149, rinne an Coimisiún an chéad mheastóireacht ar fheidhmíocht an Údaráis, meastóireacht a foilsíodh in 2025. Deimhníodh sa mheastóireacht gur thug an tÚdarás aghaidh ar an ngá nár freastalaíodh uirthi roimhe seo le tacaíocht maidir le cur chun feidhme éifeachtach bheartais an Aontais maidir le soghluaisteacht an lucht saothair. San am céanna, sainaithníodh inti teorainneacha áirithe i sainordú reatha an Údaráis.

(4) Tá gá le modhnuithe spriocdhírithe ar Rialachán (AE) 2019/1149 chun go mbeidh an tÚdarás in ann a acmhainneacht iomlán a bhaint amach. Ar na coigeartuithe ábhartha a sainaithníodh sa mheastóireacht tá inniúlachtaí feabhsaithe maidir le láimhseáil sonraí, comhar feabhsaithe leis na Ballstáit, lena n-áirítear comhar i dtéarmaí soláthar faisnéise, ról an Údaráis i leith cásanna a bhaineann le hoibrithe náisiúnta tríú tír áirithe agus na freagrachtaí atá air maidir le líonra Eorpach na seirbhísí fostaíochta (‘EURES’) a fhorbairt.

(5) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2026/XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[39] bacainní riaracháin ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar a laghdú agus ceanglais riaracháin a shimpliú, agus feabhas á chur an tráth céanna ar an bhfaireachán éifeachtach ar chomhlíonadh agus ar fhorfheidhmiú dhlí an Aontais arb é is aidhm dó cosaint chearta na n-oibrithe ar postú a áirithiú, agus an comhar riaracháin idir údaráis inniúla na mBallstát a neartú. Le Treoir (AE) 2020/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[40], bunaítear rialacha sonracha maidir le tiománaithe a phostú in earnáil an iompair de bhóthar. Ós rud é go mbaineann Rialachán (AE) 2026/XXX agus Treoir (AE) 2020/1057 le cur i bhfeidhm Threoir 2014/67/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41], ba cheart Rialachán (AE) 2026/XXX agus Treoir (AE) 2020/1057 a chur le liosta ghníomhartha an Aontais a chumhdaítear le raon feidhme ghníomhaíochtaí an Údaráis.

(6) Is minic a tharlaíonn soghluaisteacht an lucht saothair ar fud an Aontais i gcodanna casta den mhargadh saothair, lena n-áirítear earnálacha ardriosca amhail tógáil, iompar, talmhaíocht, fáilteachas agus cúram. Tá na hearnálacha sin neamhchosanta go háirithe ar rioscaí éagsúla, lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine ar mhaithe le dúshaothrú saothair. Sna suíomhanna sin, tá oibrithe taistil agus oibrithe ar postú de chuid an Aontais ag obair níos mó agus níos mó taobh le taobh le náisiúnaigh tríú tír a bhfuil a líon ag dul i méid mar gheall ar ghanntanais saothair agus scileanna san Aontas.

---

39 Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le ... (IO...).

40 Treoir (AE) 2020/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 lena leagtar síos rialacha sonracha i dtaca le Treoir 96/71/CE agus Treoir 2014/67/AE maidir le tiománaithe a phostú in earnáil an iompair de bhóthar agus lena leasaítear Treoir 2006/22/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais forfheidhmithe agus Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 249, 31.7.2020, lch. 49, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2020/1057/oj).

41 Treoir 2014/67/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le forfheidhmiú Threoir 96/71/CE maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (‘an Rialachán IMI’) (IO L 159, 28.5.2014, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/67/oj).

(7) Mura gcumhdaítear catagóirí áirithe náisiúnach tríú tír le raon feidhme ghníomhaíochtaí an Údaráis, amhail gníomhaíochtaí faisnéise, cigireachtaí comhbheartaithe agus comhpháirteacha nó measúnú riosca a éascú, d'fhéadfaí bearnaí forfheidhmiúcháin a chruthú, imchéimniú agus iomaíocht éagórach a éascú, agus rannchuidiú le brú anuas ar chaighdeáin fostaíochta agus shóisialta.

(8) Le soghluaisteacht chothrom an lucht saothair, is gá cearta fostaíochta agus slándála sóisialta na ndaoine uile atá ag obair laistigh den Aontas a chosaint go héifeachtach, gan beann ar a náisiúntacht. Dá bhrí sin, is iomchuí a shoiléiriú go bhféadfaidh an tÚdarás tacú leis na Ballstáit i gcásanna a bhaineann le náisiúnaigh tríú tír, a mhéid a rannchuidíonn cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú éifeachtach chearta fostaíochta agus slándála sóisialta na náisiúnach tríú tír le sainordú an Údaráis soghluaisteacht chothrom an lucht saothair a áirithiú agus cothrom iomaíochta a chruthú ar fud an Aontais.

(9) Maidir le forfheidhmiú éifeachtach na gceart fostaíochta agus slándála sóisialta atá ag náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go dleathach, go háirithe na cearta córa comhionainne a thugtar le Treoracha 2014/36/AE[42] agus (AE) 2024/1233[43] agus Rialachán (AE) 2024/1347 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[44], agus Treoir 2001/55/CE ón gComhairle[45], tá sé ríthábhachtach chun soghluaisteacht chothrom an lucht saothair a áirithiú. I gcás nach bhforfheidhmítear na cearta sin go héifeachtach, cuirtear gnóthais chomhlíontacha faoi mhíbhuntáiste, agus tá an baol ann go gcaillfidh na hoibrithe lena mbaineann a stádas dlíthiúil agus go gcuirfear i staid neamhrialta iad. Dá bhrí sin, trí thacú leis na Ballstáit na cearta sin a fhorfheidhmiú, cuidítear le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna san Aontas, agus rannchuidíonn sé freisin le feidhmiú cuí na mbealaí dleathacha imirce.

(10) Le fostú náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach, saobhtar an iomaíocht idir gnóthais, cuirtear brú anuas ar chaighdeáin fostaíochta agus shóisialta, agus cuirtear na hoibrithe lena mbaineann i mbaol níos mó dúshaothraithe saothair agus gáinneála ar dhaoine. Faoi chuimsiú a chuspóirí agus a mhéid is gá chun a chúraimí a chomhlíonadh, ba cheart don Údarás tacú leis na Ballstáit na forálacha sin de chuid Threoir 2009/52/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[46] a bhaineann le

---

42 Treoir 2014/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe náisiúnach tríú tír chun críche fostaíochta mar oibrithe séasúracha, (IO L 94, 28.3.2014, lch. 375, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/36/oj).

43 Treoir (AE) 2024/1233 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le nós imeachta um iarratas aonair le haghaidh cead aonair do náisiúnaigh tríú tír chun cónaí agus obair a dhéanamh ar chríoch Ballstáit agus maidir le tacar coiteann de chearta d'oibrithe tríú tír ar a bhfuil cónaí dleathach i mBallstát (IO L, 2024/1233, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1233/oj).

44 Rialachán (AE) 2024/1347 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le caighdeáin i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a dheonaítear, lena leasaítear Treoir 2003/109/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2024/1347, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1347/oj).

45 Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir na Ballstáit agus na daoine sin á nglacadh isteach acu agus na hiarmhairtí lena mbaineann á mbraistint (IO L 212, 7.8.2001, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2001/55/oj).

46 Treoir 2009/52/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 lena bhforáiltear do chaighdeáin íosta i ndáil le smachtbhannaí agus bearta i gcoinne fostóirí náisiúnach tríú

saothar a chur i bhfeidhm. Meastar go n-áiritheofar le forfheidhmiú níos éifeachtaí sa réimse sin go gcosnófar na hoibrithe lena mbaineann ar dhúshaothrú, agus go gcuideodh sé freisin leis na dreasachtaí maidir le teacht isteach agus fanacht neamhdhleathach a laghdú, ós rud é gur sainaithníodh ionchas fostaíochta san Aontas mar cheann de na cúiseanna leis an imirce neamhdhleathach.

(11) Níor cheart sainordú ginearálta a dheonú don Údarás i réimse na himirce dleathaí, go háirithe coinníollacha maidir le ligean isteach, cónaí, aistriú nó údarú oibre náisiúnach tríú tír, agus níor cheart difear a dhéanamh do rialacha is infheidhme an Aontais ná d'inniúlachtaí na mBallstát sna réimsí sin.

(12) Ós rud é gur cheart don Údarás tacú le hiarrachtaí forfheidhmiúcháin na mBallstát chun aghaidh a thabhairt ar riosca an dúshaothraithe saothair, go háirithe i ndáil le soghluaisteacht trasteorann an lucht saothair, ba cheart don Údarás aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin faoi chuimsiú cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha agus trína chuid oibre anailísí agus anailísí ar rioscaí oibriúcháin. Ba cheart dó, i gcás inarb iomchuí, comhoibriú le comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais chun freagairt chomhordaithe agus éifeachtach a áirithiú.

(13) I gcomhréir le breithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gcás C-743/19[47], tá an cinneadh maidir le suíomh an Údaráis le glacadh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach. Ba cheart an méid sin a bheith gan dochar don fhéidearthacht atá ag an Údarás a ghníomhaíochtaí oibríochtúla laistigh dá oifig idirchaidrimh sa Bhruiséil a chomhlánú nó oifigí áitiúla eile a bhunú sna Ballstáit, de réir mar is iomchuí.

(14) Ba cheart tuilleadh feabhais a chur ar sholáthar faisnéise an Údaráis maidir le soghluaisteacht an lucht saothair trína oiriúnú níos fearr chun cásanna agus riachtanais shonracha na ndaoine aonair agus na bhfostóirí lena mbaineann a léiriú, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), ionas go mbeidh siad in ann a gcearta a fheidhmiú go héifeachtach agus a n-oibleagáidí a chomhlíonadh. Chuige sin, ba cheart a chur ar a chumas don Údarás deontais a dhámhachtain ar thairbhithe ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach nó ar an leibhéal trasteorann réigiúnach lena gcuirtear comhairle spriocdhírithe ar fáil do dhaoine aonair agus d'fhostóirí maidir le soghluaisteacht trasteorann an lucht saothair.

(15) Fágann easpa eolais ar a gcearta go bhfuil roinnt náisiúnach tríú tír i mbaol níos mó dúshaothraithe saothair, sáruithe ar a gcearta fostaíochta agus slándála sóisialta, agus gáinneála ar dhaoine chun críche dúshaothraithe saothair. I gcás ina n-oibríonn náisiúnaigh tríú tír in éineacht le hoibrithe taistil nó oibrithe ar postú de chuid an Aontais, ba cheart don Údarás rannchuidiú le faisnéis shoiléir agus inrochtana maidir lena gcearta agus lena n-oibleagáidí a chur ar fáil do na daoine aonair agus do na fostóirí sin. Tá sé tábhachtach go mbeadh rochtain ar an bhfaisnéis sin ag céim luath a mhéid is féidir, lena n-áirítear sula dtiocfaidh siad isteach san Aontas, rud a bhféadfadh comhar le húdaráis ábhartha tríú tíortha agus le toscaireachtaí an Aontais i dtríú tíortha a bheith ag teastáil ina leith. I bhfianaise leochaileacht ar leith íospartaigh na gáinneála ar dhaoine, ba cheart don Údarás cás na ndaoine sin a chur san áireamh i gcláir oiliúna nó in ábhair a fhorbraíonn sé do chigirí saothair ar dócha go mbeidh teagmháil acu leis na daoine sin agus sna hanailísí riosca a dhéanann sé.

---

tír atá ag fanacht go neamhdhleathach (IO L 168, 30.6.2009, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/52/oj).

47 Cás C-743/19 *Parlaimint na hEorpa v Comhairle an Aontais Eorpaigh* ECLI:EU:C:2022:569.

(16) Tá rialachas EURES roinnte idir an Coimisiún agus an tÚdarás, rud a chuireann srian ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht rialachas agus oibriú EURES. Ba cheart a bhfreagrachtaí faoi seach a ath-leithdháileadh d'fhonn comhleanúnachas le gníomhaíochtaí eile a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin éifeachtúlacht bhainistiú agus oibriú EURES a mhéadú. Ba cheart don Choimisiún úinéireacht chórais a ghlacadh ar an Tairseach Eorpach um Shoghluaisteacht ó Phost go Chéile (tairseach EURES) chun sineirgí a uasmhéadú le huirlisí agus líonraí TF eile atá á mbainistiú ag an gCoimisiún, amhail Europass, an tAicmiú Eorpach Scileanna, Inniúlachtaí, Cáilíochtaí agus Gairmeacha (ESCO), Líonra Eorpach na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta agus Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Ba cheart don Choimisiún soláthar na feidhme deisce cabhrach a thacaíonn le foireann chomhaltaí agus chomhpháirtithe EURES agus leis na hoifigí náisiúnta comhordúcháin a ghlacadh ar láimh freisin. Ba cheart an leithdháileadh athbhreithnithe freagrachtaí sin a léiriú i Rialachán (AE) 2016/589 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48].

(17) Leis an leasú ar Rialachán (AE) 2016/589, tugtar deis creat rialála EURES a chuíchóiriú a thuilleadh, d'fhonn an t-ualach riaracháin ar riaracháin náisiúnta agus ar chomhaltaí agus comhpháirtithe príobháideacha EURES a laghdú agus éifeachtúlacht agus éifeachtacht a fheabhsú. Ba cheart forálacha maidir le clárú gníomhaíochtaí, bailiú sonraí agus anailís ar fheidhmíocht a chomhtháthú i Rialachán (AE) 2016/589. Ba cheart cur chun feidhme ESCO a shimpliú agus ba cheart cead a bheith ag an gCoimisiún táblaí comhfhreagrais idir chórais aicmithe náisiúnta agus leaganacha ábhartha de ESCO a chur chun feidhme, i gcomhréir le treochtaí sa mhargadh saothair. Tar éis na forálacha ábhartha a ionchorprú i Rialachán (AE) 2016/589, ba cheart Cinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1256[49], (AE) 2018/170[50], (AE) 2018/1020[51] agus (AE) 2018/1021[52] ón gCoimisiún a aisghairm.

(18) Chun a áirithiú go leanfaidh na ceanglais tuairiscithe de bheith comhréireach agus go rannchuideoidh siad le simpliú agus le laghdú an ualaigh riaracháin ar údaráis náisiúnta, ba cheart minicíocht an tuairiscithe ar ghníomhaíochtaí EURES i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/589 a laghdú ó gach 2 bhliain go gach 5 bliana, gan cuspóirí an tuairiscithe a chur i mbaol. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2016/589 ón gComhairle a leasú dá réir sin.

---

48 Rialachán (AE) 2016/589 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Aibreán 2016 maidir le líonra Eorpach seirbhísí fostaíochta (EURES), rochtain oibrithe ar sheirbhísí soghluaisteachta agus comhtháthú breise ar mhargaí saothair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 agus Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 107, 22.4.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/589/oj).

49 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1256 ón gCoimisiún an 11 Iúil 2017 maidir le teimpléid agus nósanna imeachta chun faisnéis a mhalartú maidir le cláir oibre náisiúnta líonra EURES ar leibhéal an Aontais (IO L 179, 12.7.2017, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2017/1256/oj).

50 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/170 ón gCoimisiún an 2 Feabhra 2018 maidir le sonraíochtaí mionsonraithe aonfhoirmeacha chun sonraí a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú líonra EURES (IO L 31, 3.2.2018, lch. 104, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2018/170/oj).

51 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1020 ón gCoimisiún an 18 Iúil 2018 maidir le liosta scileanna, inniúlachtaí agus gairmeacha an aicmithe Eorpaigh a ghlacadh agus a thabhairt cothrom le dáta chun críche meaitseála uathoibrithe trí ardán coiteann TF EURES (IO L 183, 19.7.2018, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2018/1020/oj).

52 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1021 ón gCoimisiún an 18 Iúil 2018 maidir le glacadh na gcaighdeán teicniúil agus na bhformáidí teicniúla is gá chun an mheaitseáil uathoibrithe a oibriú tríd an ardán coiteann TF trí úsáid a bhaint as an aicmiú Eorpach agus maidir leis an idir-inoibritheacht idir chórais náisiúnta agus an t-aicmiú Eorpach (IO L 183, 19.7.2018, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2018/1021/oj).

(19) Chun acmhainneacht na gcigireachtaí comhbheartaithe agus na gcigireachtaí comhpháirteacha a bhaint amach ina hiomláine, ba cheart ról níos réamhghníomhaí a thabhairt don Údarás, lena n-áirítear an fhéidearthacht cigireachtaí spriocdhírithe a thionscnamh ar bhealach níos córasaí as a stuaim féin. Ba cheart do na Ballstáit, i bprionsabal, páirt a ghlacadh i gcigireachtaí comhbheartaithe agus comhpháirteacha arna moladh ag an Údarás. Cé gur cheart eagrú na gcigireachtaí sin leanúint de bheith faoi réir thoiliú na mBallstát lena mbaineann, níor cheart moill a chur ar a n-iompar mar gheall ar cheanglais riaracháin mhíchuí. Chun feabhas a chur ar spriocdhíriú agus éifeachtacht cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha, ba cheart don Údarás tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a chumas anailísí riosca oibriúcháin a dhéanamh, rud ba cheart a bheith mar bhonn eolais don phleanáil oibríochtúil shonraíbhunaithe.

(20) Gan dochar d'oibleagáidí a thagann chun cinn i gcomhthéacs imscrúduithe coiriúla, ba cheart do na Ballstáit a bhfuil cigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach arna héascú ag an Údarás déanta acu faisnéis thráthúil a thíolacadh maidir lena seoladh agus lena torthaí, lena n-áirítear i gcás nach féidir na himscrúduithe ar an leibhéal náisiúnta a chur i gcrích go fóill. Cé gur cheart réamhthuarascálacha a sholáthar don Údarás go tráthúil, ba cheart síneadh a chur leis an teorainn ama chun tuarascálacha críochnaitheacha a thíolacadh chun go mbeidh na Ballstáit in ann imscrúduithe ábhartha a chur i gcrích. Ba cheart a áireamh sna tuarascálacha sin na gnóthais a ndearnadh cigireacht orthu, an líon daoine aonair lena mbaineann agus a stádas faoi dhlí an Aontais, líon agus cineál na sáruithe a sainaithníodh in aghaidh an ghnóthais agus na fíneálacha nó na smachtbhannaí eile a forchuireadh. Ba cheart don Údarás córas leictreonach bainistithe cásanna a oibriú chun faisnéis a bhaineann le cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha a stóráil agus a eagrú go córasach. Níor cheart an córas sin a úsáid le haghaidh malartuithe faisnéise idir an tÚdarás agus na Ballstáit ach amháin i gcás nach féidir malartuithe den sórt sin a dhéanamh trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI).

(21) D'fhonn soghluaisteacht chothrom an lucht saothair a áirithiú agus cothrom iomaíochta a choinneáil ar bun, ba cheart don Údarás tacú leis na Ballstáit dúshláin forfheidhmiúcháin trasteorann a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu, i gcás ina bhfuil oibrithe náisiúnta, oibrithe taistil ón Aontas agus oibrithe náisiúnta tríú tír ag teacht le chéile sa láthair oibre chéanna, san earnáil chéanna, sa slabhra fochonraitheoireachta céanna nó sa chuideachta chéanna, trí chigireachtaí comhbheartaithe agus comhpháirteacha, anailísí riosca oibriúcháin agus bearta fothaithe acmhainneachta a chomhordú agus trí thacú leo. Ba cheart don Údarás comhoibriú go dlúth le seirbhísí imirce, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, le comhpháirtithe sóisialta agus le heintitis i dtríú tíortha, chomh maith le comhlachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais agus comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha eile, chun rochtain ar thacaíocht do na náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann a éascú.

(22) D'fhonn acmhainneacht an Údaráis a neartú chun a ról treisithe a chomhlíonadh maidir le cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha, ba cheart do gach Ballstát saineolaí ó údarás náisiúnta forfheidhmithe ábhartha a thabhairt ar iasacht don Údarás mar oifigeach idirchaidrimh cigireachta náisiúnta. Agus iad rannpháirteach i gcigireacht chomhbheartaithe nó chomhpháirteach, ba cheart inniúlachtaí íosta áirithe a thabhairt d'oifigigh idirchaidrimh cigireachta náisiúnta den sórt sin agus d'fhoireann na n-údarás forfheidhmiúcháin ó Bhallstáit rannpháirteacha eile chun a chur ar a gcumas tacú go héifeachtach leis an gcigireacht.

(23) Laistigh de raon feidhme a shainordaithe, go háirithe ina chuid oibre anailísí, ba cheart don Údarás aird ar leith a thabhairt ar chur i bhfeidhm agus forfheidhmiú éifeachtach dhlí an Aontais maidir le hoibrithe atá ag gabháil d'earnálacha de chineál fíor-thrasteorann, lena n-áirítear iompar muirí agus gairmeacha farraige, i ndlúthchomhar leis na gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, i gcás inarb infheidhme. Ba cheart tosca ábhartha amhail áit bhunaithe an fhostóra agus cleamhnacht slándála sóisialta na n-oibrithe lena mbaineann a chur san áireamh san obair anailíseach sin.

(24) Tá cigireachtaí, seiceálacha agus imscrúduithe fíor-riachtanach chun comhlíonadh dhlí an Aontais a áirithiú agus chun leas an phobail a chosaint. Ba cheart a minicíocht, a gcomhordú, a n-uainiú agus a ndéine a bheith comhréireach leis an riosca atá i gceist agus le hacmhainneacht an oibreora lena mbaineann, chun costais agus ualach riaracháin nach bhfuil gá leo a sheachaint, go háirithe do mhicrifhiontair agus do FBManna.

(25) Ba cheart feidhm idirghabhála an Údaráis a shimpliú agus a dhéanamh níos solúbtha chun a éifeachtúlacht a mhéadú, a úsáid a spreagadh agus an líon díospóidí idir na Ballstáit atá fós gan réiteach a laghdú. Ba cheart rannpháirtíocht in idirghabháil a bheith deonach i gcónaí.

(26) Chun dul i ngleic le mí-úsáid catagóirí éagsúla oibrithe, ba cheart don Ardán Eorpach chun feabhas a chur ar an gcomhar maidir le dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe a ghníomhaíochtaí a neartú i ndáil le hobair neamhdhearbhaithe i measc náisiúnaigh tríú tír.

(27) Ba cheart a shoiléiriú, ach amháin i gcás ina bhforáiltear a mhalairt go sainráite i Rialachán (AE) 2019/1149, go bhfuil cinntí an Bhoird Bainistíochta le glacadh trí thromlach glan de na vótaí, rud a thugann le tuiscint go bhfuil níos mó ná leath de chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta a bhfuil ceart vótála acu i láthair ag an gcruinniú, nó go bhfuil ionadaíocht á déanamh dóibh ag an gcruinniú, chun cinntí a ghlacadh go bailí.

(28) Ba cheart an tÚdarás a bheith in ann rochtain a fháil ar an bhfaisnéis oibríochtúil is gá chun a chúraimí a dhéanamh go héifeachtach, go háirithe trí chórais agus bunachair sonraí ábhartha de chuid an Aontais um malartú faisnéise agus trí shocruithe maidir le comhroinnt sonraí a thabhairt i gcrích le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, chomh maith le húdaráis phoiblí sna Ballstáit. Féadfar a áireamh san fhaisnéis oibríochtúil sin sonraí a bhaineann le himscrúduithe riaracháin agus coiriúla araon. Ba cheart an chumhacht shainráite a thabhairt don Údarás sonraí pearsanta a phróiseáil, i gcomhréir iomlán le reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint sonraí den sórt sin, go háirithe Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[53].

(29) Tá úsáid IMI sainordaitheach le haghaidh comhar riaracháin idir na Ballstáit faoi roinnt gníomhartha de chuid an Aontais a chumhdaítear le raon feidhme ghníomhaíochtaí an Údaráis. Ar an gcaoi chéanna, úsáidtear an Clár Eorpach de Ghnóthais Iompair de Bhóthar (ERRU) i gcur chun feidhme gníomhartha áirithe de chuid an Aontais a chumhdaítear le raon feidhme ghníomhaíochtaí an Údaráis. Chun a shainordú a fheidhmiú, agus a mhéid is gá chun é sin a dhéanamh, maidir le cúnamh a

[53] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

thabhairt do na Ballstáit agus don Choimisiún gníomhartha an Aontais a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach laistigh dá raon feidhme gníomhaíochtaí, ba cheart, dá bhrí sin, cearta rochtana a dheonú don Údarás mar ghníomhaí IMI ar nósanna imeachta um chomhar riaracháin in IMI – lena n-airítear malartuithe idir na Ballstáit a bhaineann le cigireachtaí comhbheartaithe agus comhpháirteacha – agus ar rochtain úsáideoirí ar fheidhmeanna ábhartha ERRU, ar feidhmeanna iad a bhaineann le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú na ngníomhartha sin de chuid an Aontais, agus ba cheart sonraí staidrimh comhiomlánaithe a thabhairt don Údarás maidir le húsáid na nósanna imeachta agus na bhfeidhmeanna sin um chomhar riaracháin.

(30) Féadfaidh baint a bheith ag na socruithe comhroinnte sonraí idir an tÚdarás agus na húdaráis phoiblí sna Ballstáit le faisnéis amhail sonraí a bhaineann leis an dearbhú dá dtagraítear in Airteagal 9(1)(a) de Threoir 2014/67/AE, sonraí arna mbailiú de bhun Airteagal 91 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[54], sonraí a bhaineann leis an bhfianú dá dtagraítear in Airteagal 19(2) den Rialachán sin agus sonraí comhiomlánaithe maidir le sáruithe ar ghníomhartha an Aontais a liostaítear in Airteagal 1(4) de Rialachán (AE) 2019/1149. Ba cheart é a bheith indéanta freisin rochtain a thabhairt don Údarás ar mhalartuithe sonracha idir na Ballstáit trí chórais malartaithe faisnéise ábhartha de chuid an Aontais, mar aon leis na cinn a bhaineann le cigireachtaí comhbheartaithe agus comhpháirteacha i gcás ina dtagann malartuithe den sórt sin faoi shainordú an Údaráis agus faoi réir chomhaontú na mBallstát uile lena mbaineann.

(31) Ós rud é go leasaítear Rialachán (AE) 2019/1149 chun foráil a dhéanamh maidir le malartú faisnéise trí IMI, ba cheart Rialachán (AE) 2019/1149 a liostú san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[55].

(32) I gcomhréir le moltaí ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair[56] agus ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha[57], tá sé tábhachtach sásraí a chur i bhfeidhm lena ndéantar forfheidhmiú na gcaighdeán saothair a dheighilt ó fhorfheidhmiú an dlí inimirce, chun a áirithiú gur féidir le gach náisiúnach tríú tír rochtain shábháilte a fháil ar leigheasanna i leith sáruithe ar a gcearta. Ina ról mar rialaitheoir sonraí, níor cheart don Údarás sonraí pearsanta a chomhroinnt, lena n-áirítear sonraí náisiúnach tríú tír, ach amháin i gcás inar gá an malartú sin chun a chúraimí a chomhlíonadh, go háirithe chun cearta fostaíochta agus slándála sóisialta a chosaint. Tá sé tábhachtach go spreagfadh an tÚdarás na Ballstáit freisin chun beartais

---

54 Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta a chur chun feidhme (IO L 284, 30.10.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/987/oj).

55 Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2008/49/CE ón gCoimisiún ('Rialachán IMI') (IO L 316, 14.11.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1024/oj).

56 Féach mar shampla an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (2021) '*Protecting the rights of migrant workers in irregular situations and addressing irregular labour migration: A compendium*'. Le fáil ag: wcms_832915.pdf

57 Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (2021) '*Protecting migrants in an irregular situation from labour exploitation – Role of the Employers Sanctions Directive'.* Le fáil ag: https://fra.europa.eu/sites/default/files/fra_uploads/fra-2021-employers-sanctions-directive-report_ga.pdf

tuairiscithe a bhunú lena n-áiritheofar gur féidir le gach náisiúnach tríú tír dul i dteagmháil leis na húdaráis forfheidhmithe go sábháilte.

(33) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh an [dáta].

(34) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialacháin (AE) 2019/1149, (AE) 2016/589 agus (AE) Uimh. 1024/2012 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 2019/1149

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/1149 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Tabharfaidh an tÚdarás cúnamh do na Ballstáit agus don Choimisiún maidir le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú éifeachtach dhlí an Aontais a bhaineann le soghluaisteacht an lucht saothair ar fud an Aontais agus maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta laistigh den Aontas. Gníomhóidh an tÚdarás faoi raon feidhme na ngníomhartha de chuid an Aontais a liostaítear i mír 4, lena n-áirítear gach treoir, gach rialachán agus gach cinneadh atá bunaithe ar na gníomhartha sin, agus faoi raon feidhme aon ghnímh eile de chuid an Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí agus lena dtugtar cúraimí don Údarás. I gcás inarb iomchuí chun rannchuidiú lena chúraimí a chur i gcrích go héifeachtach, féadfar a cheangal ar an Údarás freisin aghaidh a thabhairt ar chearta fostaíochta agus cearta slándála sóisialta oibrithe áirithe ar náisiúnaigh tríú tír iad. Chuige sin, gníomhóidh sí faoi raon feidhme ghníomhartha an Aontais a liostaítear i mír 4a.’;

(b) i mír 4, cuirtear isteach na pointí (j) agus (k) seo a leanas:

‘(j) Rialachán (AE) 2026/XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[*];

(k) Treoir (AE) 2020/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[**].

[*] Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le ... (IO...).

[**] Treoir (AE) 2020/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 lena leagtar síos rialacha sonracha i dtaca le Treoir 96/71/CE agus Treoir 2014/67/AE maidir le tiománaithe a phostú in earnáil an iompair de bhóthar agus lena leasaítear Treoir 2006/22/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais forfheidhmithe agus Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 249, 31.7.2020, lch. 49, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2020/1057/oj).’;

(c) cuirtear mír 4a seo a leanas isteach:

‘4a. I gcás inarb iomchuí chun rannchuidiú le cúraimí an Údaráis a chur i gcrích go héifeachtach, cumhdóidh raon feidhme ghníomhaíochtaí an Údaráis na forálacha seo a leanas de ghníomhartha an Aontais freisin:

(a) Airteagail 5, 6, 8, 9, 13 agus 14 de Threoir 2009/52/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[*];

(b) Airteagal 11(2), Airteagail 17 agus 20, Airteagal 23(1), pointí (a), (c), (d) agus (f), agus an dara fomhír, agus Airteagal 23(2), pointe (i), agus

Airteagail 24 agus 25 de Threoir 2014/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[**];

(c) Airteagal 12(1), pointí (a), (e) agus (h), Airteagal 12(2), pointe (b), agus Airteagal 12(4), agus Airteagail 13 agus 14 de Threoir (AE) 2024/1233 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[***];

(a) (d) Airteagal 12 de Threoir 2001/55/CE ón gComhairle[****].

[*] Treoir 2009/52/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 lena ndéantar foráil maidir le híoschaighdeáin do smachtbhannaí agus bearta in aghaidh fostóirí náisiúnach tríú tíortha atá ag fanacht go neamhdhleathach, (IO L 168, 30.6.2009, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/52/oj).

[**] Treoir 2014/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe náisiúnach tríú tír chun críche fostaíochta mar oibrithe séasúracha (IO L 94, 28.3.2014, lch. 375, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/36/oj).

[***] Treoir (AE) 2024/1233 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le nós imeachta um iarratas aonair le haghaidh cead aonair do náisiúnaigh tríú tír chun cónaí agus obair a dhéanamh ar chríoch Ballstáit agus maidir le tacar coiteann de chearta d'oibrithe tríú tír ar a bhfuil cónaí dleathach i mBallstát (IO L, 2024/1233, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1233/oj).

[****] Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir na Ballstáit agus na daoine sin á nglacadh isteach acu agus na hiarmhairtí lena mbaineann á mbraistint (IO L 212, 7.8.2001, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2001/55/oj).';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Cumhdófar le raon feidhme ghníomhaíochtaí an Údaráis forálacha an Rialacháin seo a bhaineann leis an gcomhar idir na Ballstáit chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe, chomh maith le tacaíocht do na Ballstáit chun dúshaothrú saothair a chosc agus chun aghaidh a thabhairt air, go háirithe i dtaca le soghluaisteacht trasteorann an lucht saothair. I gcás inar gá, comhoibreoidh an tÚdarás le gníomhaireachtaí nó seirbhísí eile de chuid an Aontais agus tacaíocht á tabhairt aige do na Ballstáit i gcomhréir leis an mír seo.';

(2) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

'(a) rochtain a éascú ar fhaisnéis faoi chearta, oibleagáidí agus deiseanna maidir le soghluaisteacht an lucht saothair ar fud an Aontais, lena n-áirítear, i gcás inar gá, chun an cúram sin a chur i gcrích go héifeachtach, faoi chearta fostaíochta agus slándála sóisialta náisiúnach tríú tír atá ag obair laistigh de Bhallstáit an Aontais, chomh maith le rochtain ar sheirbhísí ábhartha;

(b) comhar idir na Ballstáit a éascú agus a fheabhsú maidir le dlí ábhartha an Aontais a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú ar fud an Aontais, lena n-áirítear cigireachtaí comhbheartaithe agus comhpháirteacha, malartú faisnéise agus sonraí a éascú, anailísí agus measúnú riosca a dhéanamh agus tacú le fothú acmhainneachta;';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) tacú le comhar idir na Ballstáit chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe agus le dúshaothrú saothair.';

(3) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

‘Stádas dlíthiúil agus suíomh’;

(b) cuirtear isteach an mhír 3 seo a leanas:

‘3. Is sa Bhratasláiv, sa tSlóvaic, a bheidh suíomh an Údaráis.’;

(4) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráitigh:

‘Cuirfidh an tÚdarás feabhas ar infhaighteacht, cáilíocht agus inrochtaineacht na faisnéise a thairgtear do dhaoine aonair, lena n-áirítear do náisiúnaigh tríú tír gan beann ar a stádas dlíthiúil nó soghluaisteachta laistigh den Aontas, d’fhostóirí agus d’eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta maidir le cearta agus oibleagáidí a eascraíonn as gníomhartha an Aontais a liostaítear in Airteagal 1(4) agus (4a) chun soghluaisteacht an lucht saothair ar fud an Aontais a éascú. Chuige sin, déanfaidh an Coimisiún na nithe seo a leanas:’;

(b) cuirtear isteach pointe (g) a leanas:

‘(g) feachtais múscailte feasachta a chur chun cinn, lena n-áirítear feachtais chun daoine aonair agus fostóirí, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), a chur ar an eolas faoina gcearta agus faoina n-oibleagáidí agus faoi na deiseanna atá ar fáil dóibh.’;

(c) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘Chun cabhrú lena chúraimí dá dtagraítear sa chéad mhír a chomhlíonadh agus i gcomhréir leis an dara mír d’Airteagal 29, féadfaidh an tÚdarás deontais a dhámhachtain do thairbhithe a thugann comhairle agus a thairgeann tacaíocht thiomnaithe do dhaoine aonair, lena n-áirítear do náisiúnaigh tríú tír gan beann ar a stádas dlíthiúil nó soghluaisteachta laistigh den Aontas, agus d’fhostóirí i dtaobh shoghluaisteacht trasteorann an lucht saothair ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó trasteorann.’;

(5) Leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

‘Oifig Eorpach Comhordúcháin EURES’;

(b) cuirtear an méid a leanas in ionad an dara mír:

‘Déanfaidh an Oifig Eorpach Comhordúcháin, faoi bhainistíocht an Údaráis, a freagrachtaí a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2016/589, agus déanfaidh an Coimisiún úinéireacht chórais thairseach EURES, chomh maith lena hoibriú teicniúil agus lena forbairt theicniúil agus seirbhísí TF gaolmhara, a bhainistiú. Soláthróidh an Coimisiún feidhm deisce cabhrach chun tacú le foireann Chomhaltaí agus Chomhpháirtíochtaí EURES agus leis na hoifigí comhordúcháin náisiúnta, go háirithe an fhoireann a bhfuil teagmháil dhíreach acu le hoibrithe agus fostóirí.’;

(6) Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) i mír 1, leasaítear an dara fomhír mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) an obair leantach a éascú i dtaca le hiarrataí agus malartuithe faisnéise idir údaráis náisiúnta trí bhíthin tacaíocht lóistíochtúil agus tacaíocht theicniúil a sholáthar, lena n-áirítear seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta, agus trí mhalartuithe faisnéise maidir le stádas na gcásanna;’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) nósanna imeachta forfheidhmiúcháin trasteorann a bhaineann le pionóis agus fíneálacha a éascú agus tacú leo, faoi raon feidhme an Rialacháin seo i gcomhréir le hAirteagal 1;’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Arna iarraidh sin do Bhallstát amháin nó níos mó agus i gcomhlíonadh a chuid cúraimí laistigh den raon feidhme a leagtar amach in Airteagal 1, cuirfidh an tÚdarás faisnéis ar fáil chun tacú leis an mBallstát lena mbaineann gníomhartha an Aontais a thagann faoi inniúlacht an Údaráis a chur i bhfeidhm go héifeachtach.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 4:

‘3. Déanfaidh an tÚdarás úsáid uirlisí agus nósanna imeachta leictreonacha le haghaidh malartú teachtaireachtaí idir údaráis náisiúnta a chur chun cinn agus tacóidh sé leis an úsáid sin, lena n-áirítear Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI), Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta (EESSI) agus Chlár Eorpach na nGnóthas Iompair de Bhóthar (ERRU).

4. Spreagfaidh an tÚdarás cineálacha cur chuige nuálacha maidir le comhar trasteorann éifeachtach agus éifeachtúil, agus déanfaidh sé an úsáid a d’fhéadfaí a bhaint as sásraí leictreonacha malartaithe faisnéise agus bunachair sonraí idir na Ballstáit a chur chun cinn agus tacóidh sé leis an úsáid sin chun rochtain fíor-ama ar shonraí agus brath calaoise a éascú, agus féadfaidh sé feabhsuithe a d’fhéadfaí a dhéanamh a mholadh maidir le húsáid na sásraí agus na mbunachar sonraí sin. Soláthróidh an tÚdarás tuarascálacha chuig an gCoimisiún d’fhonn sásraí leictreonacha malartaithe faisnéise agus bunachair sonraí a fhorbairt a thuilleadh.’;

(7) Leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre agus an dara fomhír:

‘Arna iarraidh sin do Bhallstát amháin nó níos mó, déanfaidh an tÚdarás cigireachtaí comhbheartaithe nó cigireachtaí comhpháirteacha a chomhordú agus tacóidh sé leo sna réimsí laistigh den raon feidhme a leagtar amach in Airteagal 1, lena n-áirítear, i gcás inar gá, cearta fostaíochta agus slándála sóisialta náisiúnach tríú tír. Féadfaidh an tÚdarás freisin, ar a thionscnamh féin, a iarraidh ar údaráis na mBallstát lena mbaineann cigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach a dhéanamh.

Beidh cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha faoi réir thoiliú na mBallstát lena mbaineann.’;

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) is é is cigireachtaí comhbheartaithe ann cigireachtaí a dhéantar in dhá Bhallstát nó níos mó, agus a dhéantar go comhuaineach go minic, maidir le cásanna gaolmhara, agus gach údarás náisiúnta ag feidhmiú ar a chríoch féin, agus tacaíocht á fáil, i gcás inarb iomchuí, ó fhoireann an Údaráis;’;

(c) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre agus an dara fomhír:

‘I gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis, beidh na Ballstáit rannpháirteach i gcigireachtaí comhbheartaithe nó i gcigireachtaí comhpháirteacha a éascóidh an tÚdarás arna iarraidh sin do Bhallstát amháin eile nó níos mó nó ar a thionscnamh féin. Ní fhéadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan a bheith rannpháirteach i gcigireachtaí comhbheartaithe nó i gcigireachtaí comhpháirteacha den sórt sin ach amháin ar fhoras a bhfuil údar cuí leis.

Beidh cigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach faoi réir thoiliú roimh ré na mBallstát rannpháirteach uile, agus tabharfar fógra faoin toiliú sin don Údarás, agus, an tráth céanna, cuirfear na hOifigigh Idirchaidrimh Cigireachta Náisiúnta ó na Ballstáit lena mbaineann arna n-ainmniú de bhun Airteagal 32(2a) ar an eolas.’;

(d) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘I gcásanna den sórt sin, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an tÚdarás agus na Ballstáit eile lena mbaineann ar an eolas i scríbhinn, lena n-áirítear déanamh amhlaidh trí mheán leictreonach, laistigh de 10 lá oibre ón iarraidh a sheol an tÚdarás, faoi na cúiseanna lena chinneadh, agus tabharfar údar cuí leis an gcinneadh sin, agus b’fhéidir go gcuirfeadh sé iad ar an eolas faoi na bearta atá beartaithe aige a dhéanamh chun an cás a réiteach, agus, a luaithe is eol sin, faoi thorthaí na mbeart sin. Féadfaidh an tÚdarás a mholadh go ndéanfaidh an Ballstát nach raibh rannpháirteach i gcigireacht chomhbheartaithe nó i gcigireacht chomhpháirteach a chigireacht féin ar bhonn deonach.’;

(8) Leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Leagfaidh na Ballstáit rannpháirteacha agus an tÚdarás amach na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le cigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach a dhéanamh, lena n-áirítear raon feidhme agus cuspóir na cigireachta agus, más ábhartha, aon socrú maidir le rannpháirtíocht fhoireann an Údaráis.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3, 4 agus 5:

‘3. Déanfar cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha ar bhealach a bheidh éifeachtach ó thaobh cúrsaí oibríochtúla de. Chuige sin, deonóidh na Ballstáit rannpháirteacha ról agus stádas iomchuí d’fhoireann údarás forfheidhmithe ó Bhallstát eile atá rannpháirteach sna cigireachtaí sin, i gcomhréir le dlí nó cleachtas an Bhallstáit ina ndéantar an chigireacht. Áireofar leis sin na hinniúlachtaí seo a leanas ar a laghad, faoi choinníollacha atá coibhéiseach leis na coinníollacha sin a bhfuil feidhm acu maidir le foireann na n-údarás forfheidhmithe ón mBallstát ina ndéantar an chigireacht:

(a) rochtain ar an áitreabh, ar na doiciméid agus ar na taifid atá faoi réir cigireachta;

(b) fianaise a bhailiú.

4. Cuirfidh na Ballstáit measúnú riosca coincheapúil agus anailíseach ar fáil chomh maith le tacaíocht lóistíochtúil agus theicniúil, agus, i gcás inarb iomchuí, saineolas dlíthiúil, arna iarraidh sin ag na Ballstáit lena mbaineann, lena n-áirítear seirbhísí

aistriúcháin agus ateangaireachta, do na Ballstáit a mbeidh cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha á ndéanamh acu.

5. Féadfaidh baill foirne an Údaráis a bheith i láthair ag an gcigireacht mar bhreathnóirí agus féadfaidh siad tacaíocht lóistíochtúil a sholáthar, agus féadfaidh siad a bheith rannpháirteach i gcigireacht chomhbheartaithe nó i gcigireacht chomhpháirteach le toiliú roimh ré ón mBallstát ar ar a chríoch a bheidh cúnamh á sholáthar ag na baill foirne sin i gcomhréir le dlí náisiúnta nó cleachtas náisiúnta an Bhallstáit. Tabharfar na hinniúlachtaí céanna don Oifigeach Idirchaidrimh Cigireachta Náisiúnta ón mBallstát ina ndéantar an chigireacht arna ainmniú de bhun Airteagal 32(2a) agus a thugtar d'fhoireann rannpháirteach na n-údarás forfheidhmiúcháin ó Bhallstát eile, dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo.';

(c) cuirtear isteach mír 5a seo a leanas:

'5a. Arna iarraidh sin don Údarás, agus i gcás ina mbeidh sé i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar amach i gcomhréir le mír 1, malartóidh údaráis inniúla na mBallstát leis an Údarás an fhaisnéis uile is gá chun na cigireachtaí comhbheartaithe agus comhpháirteacha a thionscnamh agus a chomhordú agus chun tacú leo agus chun obair leantach a dhéanamh ina leith i gcomhréir le Caibidil IIIa.';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

'6. Cuirfidh údarás Ballstáit a bhfuil cigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach á déanamh aige réamhthuarascáil ar fáil don Údarás maidir le toradh na cigireachta laistigh den Bhallstát sin agus maidir le reáchtáil oibríochtúil fhoriomlán na cigireachta comhbheartaithe nó na cigireachta comhpháirtí laistigh de 20 lá oibre tar éis na cigireachta. Ar a dhéanaí 9 mí tar éis na cigireachta, tíolacfaidh an Ballstát lena mbaineann tuarascáil deiridh ar thoradh na cigireachta, ina mbeidh na heilimintí seo a leanas ar a laghad: na gnóthais a ndearnadh cigireacht orthu, an líon daoine aonair lena mbaineann agus a stádas faoi dhlí an Aontais, líon agus cineál na sáruithe a sainaithníodh in aghaidh an ghnóthais, agus na fíneálacha nó na smachtbhannaí eile a forchuireadh.';

(e) cuirtear mír 6a seo a leanas isteach:

'6a. Bunóidh agus oibreoidh an tÚdarás córas leictreonach bainistithe cásanna. Beidh na feidhmeanna seo a leanas ag an gcóras bainistithe cásanna:

(a) tacú le bainistiú cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha a dtacaíonn an tÚdarás leo, go háirithe trí shreafaí oibre faisnéise a bhainistiú agus trí thacú le hobair imscrúdaitheach i gcásanna trasteorann;

(b) rochtain shlán ar fhaisnéis maidir le cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha a áirithiú;

(c) foráil a dhéanamh maidir le tagairt trasteorann a dhéanamh d'fhaisnéis agus sonraí a asbhaint chun críoch anailíse oibríochtúla agus staidrimh;

(d) faireachán a éascú chun a áirithiú go gcomhlíonann an phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta forálacha ábhartha de Chaibidil IIIa den Rialachán seo agus de Rialachán (AE) 2018/1725.';

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

'7. Beifear in ann an fhaisnéis arna bailiú le linn cigireachtaí comhbheartaithe nó cigireachtaí comhpháirteacha a úsáid mar fhianaise in imeachtaí dlíthiúla sna

Ballstáit lena mbaineann, i gcomhréir leis an dlí nó leis an gcleachtas sna Ballstáit sin.’;

(9) Leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Déanfaidh an tÚdarás, i gcomhar leis na Ballstáit agus, i gcás inarb iomchuí, leis na comhpháirtithe sóisialta, measúnú ar rioscaí agus déanfaidh sé anailísí maidir le soghluaisteacht an lucht saothair agus comhordú na slándála sóisialta ar fud an Aontais, lena n-áirítear, i gcás inar gá, cearta fostaíochta agus slándála sóisialta náisiúnach tríú tír, laistigh den raon feidhme a leagtar amach in Airteagal 1. Díreofar san obair anailíseach ar ábhair amhail míchothromaíochtaí sa mhargadh saothair, dúshláin earnáilsonracha agus fadhbanna a thagann chun cinn arís agus arís eile, agus féadfaidh an tÚdarás grinnanailísí agus staidéir spriocdhírithe a dhéanamh freisin chun saincheisteanna sonracha a imscrúdú. Agus a chuid oibre anailísí á déanamh aige, déanfaidh an tÚdarás faisnéis, lena n-áirítear sonraí pearsanta, a rochtain agus a phróiseáil i gcomhréir le Caibidil IIIa. Bainfidh sé úsáid, a mhéid is féidir, as sonraí staidrimh ábhartha reatha atá ar fáil ó shuirbhéanna atá ann cheana, agus áiritheoidh sé comhlántacht le gníomhaireachtaí nó seirbhísí an Aontais agus le húdaráis, gníomhaireachtaí nó seirbhísí náisiúnta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, comhpháirtithe sóisialta agus eintitis i dtríú tíortha, agus bainfidh sé leas as an saineolas atá acu, lena n-áirítear i réimsí na calaoise, an dúshaothraithe saothair, an idirdhealaithe, réamhaisnéis scileanna, na gáinneála ar dhaoine ar mhaithe le dúshaothrú saothair, na himirce agus na sláinte agus na sábháilteachta ag an obair.’;

(b) cuirtear mír 1a seo a leanas isteach:

‘1a. Chun bonn eolais a chur faoin bpleanáil oibríochtúil, lena n-áirítear spriocdhíriú, ullmhú, déanamh agus obair leantach na gcigireachtaí comhbheartaithe agus na gcigireachtaí comhpháirteacha i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 9, arna iarraidh sin do Bhallstát amháin nó níos mó nó ar a thionscnamh féin, déanfaidh an tÚdarás anailísí riosca oibriúcháin laistigh den raon feidhme a leagtar amach in Airteagal 1. Chuige sin, déanfaidh an tÚdarás faisnéis, lena n-áirítear sonraí pearsanta, a rochtain agus a phróiseáil i gcomhréir le Caibidil IIIa. Féadfaidh sé faisnéis a iarraidh ar na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 9(5a). Déanfaidh an tÚdarás torthaí na n-anailísí riosca oibriúcháin a chomhroinnt leis na húdaráis náisiúnta inniúla lena mbaineann gan moill mhíchuí.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 4:

‘3. I gcás ina mbeidh anailís riosca oibriúcháin nó aon chineál eile oibre anailísí curtha i gcrích, déanfaidh an tÚdarás a thorthaí a thuairisciú don Choimisiún, agus do na Ballstáit lena mbaineann go díreach, agus tabharfaidh sé breac-chuntas ar bhearta a d’fhéadfaí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar laigí a sainaithníodh agus ar na bealaí a chuireann an anailís bonn eolais faoi phleanáil oibríochtúil an Údaráis.

Déanfaidh an tÚdarás achoimre ar a thorthaí a chuimsiú freisin ina a dtuarascálacha bliantúla chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gCoimisiún.

4. Baileoidh an tÚdarás, i gcás inarb iomchuí, sonraí staidrimh arna dtiomsú agus arna soláthar ag na Ballstáit sna réimsí laistigh den raon feidhme a leagtar amach in Airteagal 1. Agus é sin á dhéanamh aige, féachfaidh an tÚdarás leis na gníomhaíochtaí bailithe sonraí atá in úsáid faoi láthair sna réimsí sin a chuíchóiriú chun dúbailt an bhailithe sonraí a sheachaint. I gcás inarb ábhartha, beidh feidhm ag Airteagal 15. Déanfaidh an tÚdarás idirchaidreamh leis an gCoimisiún (Eurostat)

agus comhroinnfidh sé, i gcás inarb iomchuí, na torthaí a thiocfaidh as a ghníomhaíochtaí bailithe sonraí.';

(10) Leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráitigh:

'Tacóidh an tÚdarás leis na Ballstáit maidir le fothú acmhainneachta arb é is aidhm dó cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú comhsheasmhach dhlí an Aontais a chur chun cinn laistigh den raon feidhme a leagtar amach in Airteagal 1. Déanfaidh an tÚdarás, go háirithe, na gníomhaíochtaí seo a leanas:';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) cláir oiliúna earnála agus trasearnála a fhorbairt, nó cuidiú leis na Ballstáit na cláir sin a fhorbairt, ar cláir iad atá dírithe go príomha ar chúrsaí oibriúcháin, lena n-áirítear cláir oiliúna le haghaidh riaracháin náisiúnta, amhail cigireachtaí saothair, institiúidí slándála sóisialta nó údaráis ábhartha eile agus comhpháirtithe sóisialta, agus ábhar oiliúna tiomnaithe a fhorbairt, nó cuidiú leis na Ballstáit é a fhorbairt, lena n-áirítear modhanna foghlama ar líne;';

(c) scriostar pointe (e);

(11) in Airteagal 12(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) feabhas a chur ar acmhainneacht údaráis agus ghníomhaithe ábhartha éagsúla na mBallstát dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe laistigh den raon feidhme a leagtar amach in Airteagal 1, lena n-áirítear maidir lena gnéithe trasteorann; agus rannchuidiú, ar an gcaoi sin, le cothrom na Féinne a chruthú;';

(12) Leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. I gcás díospóid idir dhá Bhallstát nó níos mó maidir le cur i bhfeidhm dhlí an Aontais i réimsí a chumhdaítear leis an Rialachán seo, féadfaidh an tÚdarás ról idirghabhála a ghlacadh air féin, gan dochar do chumhachtaí na Cúirte Breithiúnais. Is é is cuspóir don idirghabháil sin réiteach a dhéanamh idir dearcthaí éagsúla idir na Ballstáit is páirtí sa díospóid chun teacht ar chomhaontú a bheidh inghlactha go frithpháirteach. Léireoidh comhaontuithe den sórt sin comhthuiscint na mBallstát lena mbaineann, gan dochar dá gcearta agus dá n-oibleagáidí faoi dhlí an Aontais.

2. Arna iarraidh sin do cheann amháin nó níos mó de na Ballstáit lena mbaineann díospóid, seolfaidh an tÚdarás nós imeachta idirghabhála os comhair a Bhoird Idirghabhála arna chur ar bun chun na críche sin i gcomhréir le hAirteagal 16(2). Féadfaidh an tÚdarás nós imeachta idirghabhála a sheoladh freisin as a stuaim féin os comhair an Bhoird Idirghabhála. Ní dhéanfar idirghabháil ach amháin le comhaontú na mBallstát uile is páirtí sa díospóid agus i gcomhréir le prionsabail na neodrachta, na neamhchlaontachta agus an chomhair dhílis.';

(b) scriostar míreanna 3, 4 agus 5;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 6, 7 agus 8:

'6. Déanfaidh an Bord Bainistíochta na rialacha nós imeachta don idirghabháil a ghlacadh, lena n-áirítear na socruithe oibre agus comhdhéanamh an Bhoird Idirghabhála, na spriocdhátaí is infheidhme, rannpháirtíocht saineolaithe ó na Ballstáit, ón gCoimisiún agus ón Údarás, agus an fhéidearthacht atá ag an mBord Idirghabhála suí i bpainéil a bheidh comhdhéanta de roinnt comhaltaí.

7. I gcás ina gcinnfidh Ballstát gan a bheith rannpháirteach in idirghabháil nó tarraingt siar aisti, cuirfidh sé an tÚdarás agus na Ballstáit eile is páirtí sa díospóid ar an eolas i scríbhinn, lena n-áirítear déanamh amhlaidh trí mheán leictreonach, faoi na cúiseanna lena chinneadh i gcomhréir leis an tréimhse a leagtar síos sna rialacha nós imeachta dá dtagraítear i mír 6, agus laistigh den tréimhse sin.

8. Agus cás le haghaidh idirghabhála á thíolacadh acu, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na sonraí pearsanta uile a bhaineann leis an gcás sin a anaithnidiú ar bhealach nach féidir an t-ábhar sonraí a shainaithint, nó nach féidir an t-ábhar sonraí a shainaithint a thuilleadh, i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta dá dtagraítear i mír 6.';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 12:

'12. Laistigh de 3 mhí tar éis don Údarás an idirghabháil a thabhairt chun críche, tuairisceoidh na Ballstáit is páirtí sa díospóid don Údarás maidir leis na bearta atá déanta acu chun obair leantach a dhéanamh i leith na hidirghabhála nó, i gcás nach bhfuil bearta déanta acu, maidir leis na cúiseanna nach ndearna siad amhlaidh.';

(13) in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na míre aonair:

'Beidh sé d'aidhm ag an Údarás ina ghníomhaíochtaí uile comhar a áirithiú, forluí a sheachaint, sineirgí agus comhlántacht le gníomhaireachtaí díláraithe agus le comhlachtaí speisialaithe eile de chuid an Aontais a chur chun cinn, amhail an Coimisiún Riaracháin. Chuige sin, féadfaidh an tÚdarás comhaontuithe comhair a thabhairt i gcrích le gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, amhail Cedefop, Eurofound, EU-OSHA, ETF, an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA), Europol agus Eurojust agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha. Féadfar foráil a dhéanamh sna comhaontuithe comhair freisin maidir le comhroinnt sonraí i gcomhréir le hAirteagal 23a(2).';

(14) in Airteagal 19, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. 4 bliana a bheidh i dtéarma oifige an Chathaoirligh agus an Leas-Chathaoirligh. Féadfar a dtéarma oifige a athnuachan aon uair amháin. Más rud é, áfach, go dtiocfaidh deireadh lena gcomhaltas ar an mBord Bainistíochta aon tráth le linn a dtéarma oifige, rachaidh a dtéarma oifige in éag go huathoibríoch ar an dáta sin.';

(15) Leasaítear Airteagal 21 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Gan dochar d'Airteagal 18(1), pointí (b) agus (t), d'Airteagal 19(1) agus d'Airteagal 31(8), déanfaidh an Bord Bainistíochta cinntí trí thromlach glan dá chomhaltaí a bhfuil ceart vótála acu.';

(b) cuirtear mír 1a seo a leanas isteach:

'1a. I gcás ina gcuirfidh an Coimisiún ábhair imní thromchúiseacha in iúl maidir le dréachtchinneadh arna chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta maidir le hábhair a bhaineann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715[*] ón gCoimisiún nó leis an bhFoireann, cuirfidh an Bord Bainistíochta glacadh an chinnidh siar. Laistigh de 15 lá, déanfaidh an Bord Bainistíochta an cinneadh sin a athscrúdú agus a ghlacadh ar an dara léamh trí thromlach dhá thrian, lena n-áirítear ionadaithe an Choimisiúin, nó trí thromlach ceithre chúigiú de na Ballstáit.';

[*] Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais do na comhlachtaí arna gcur ar bun faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom agus

dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 122, 10.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/715/oj).

(16) cuirtear an ceannteideal Caibidle seo a leanas isteach i ndiaidh Airteagal 23:

‘**CAIBIDIL IIIa**

FAISNÉIS OIBRÍOCHTÚIL A PHRÓISEÁIL’;

(17) i gCaibidil IIIa, cuirtear na hAirteagail 23a go 23d seo a leanas isteach:

‘*Airteagal 23a*

Rochtain ar fhaisnéis oibríochtúil

1. Chun na cúraimí dá dtagraítear in Airteagail 5, 7, 8, 9, 10, 11, 12 agus 13 a dhéanamh, féadfaidh an tÚdarás faisnéis oibríochtúil, lena n-áirítear sonraí pearsanta, a bhailiú, a stóráil, a phróiseáil, a anailísiú agus a mhalartú. Ní dhéanfaidh an tÚdarás sonraí pearsanta a phróiseáil ach amháin chun críocha sonracha a ghníomhaíochtaí laistigh den raon feidhme a shonraítear in Airteagal 1(2), 1(4), 1(4a) agus 1(5).

2. Ní cheadófar próiseáil ar chatagóirí speisialta sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/1725 ach amháin i gcás ina bhfuil géarghá leis le haghaidh na n-imscrúduithe i gcigireachtaí comhbheartaithe agus comhpháirteacha a dtacaíonn an tÚdarás leo, faoi réir coimircí iomchuí maidir le cearta agus saoirsí an ábhair sonraí agus ach amháin má fhorlíonann siad sonraí pearsanta eile atá próiseáilte cheana ag an Údarás. Cuirfear an tOifigeach Cosanta Sonraí ar an eolas láithreach má théitear ar iontaoibh na míre seo.

3. Déanfaidh an tÚdarás athbhreithniú tréimhsiúil ar an ngá atá leis na sonraí pearsanta a phróiseáiltear a stóráil. Déanfar athbhreithniú den sórt sin tráth nach déanaí ná 3 bliana tar éis na sonraí pearsanta a phróiseáil den chéad uair agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin. Maidir leis na cúiseanna le stóráil leanúnach na sonraí pearsanta, i gcás inar gá sin agus fad is gá sin chun cúraimí an Údaráis dá dtagraítear in Airteagail 5, 7, 8, 9, 10, 11, 12 agus 13 a dhéanamh, déanfar iad a dhlisteanú agus a thaifeadadh. Mura ndéanfar cinneadh maidir le leanúint le sonraí a stóráil, déanfar na sonraí pearsanta sin a scriosadh go huathoibríoch.

4. Féadfaidh an tÚdarás socruithe tiomnaithe comhroinnte sonraí a thabhairt i gcrích le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, chomh maith le húdaráis phoiblí sna Ballstáit chun faisnéis a mhalartú, lena n-áirítear sonraí pearsanta, i bhfeidhmiú a chúraimí dá dtagraítear in Airteagail 5, 7, 8, 9, 10, 11, 12 agus 13.

5. Déanfaidh an tÚdarás faisnéis oibríochtúil a mhalartú trí úsáid a bhaint as córais malartaithe faisnéise agus bunachair sonraí ábhartha de chuid an Aontais, agus déanfaidh sé rochtain a fháil ar na sonraí sin, i gcomhréir le hAirteagail 23b, 23c agus 23d.

Airteagal 23b

Faisnéis oibríochtúil a mhalartú trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh

An malartú faisnéise idir an tÚdarás agus údaráis inniúla na mBallstát chun críocha chúraimí an Údaráis maidir le cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha a chomhordú agus tacú leo, chomh maith le hanailísí agus measúnú riosca a dhéanamh de bhun Airteagail 8, 9 agus 10, déanfar é freisin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*. Chuige sin, tabharfar cearta rochtana don Údarás, mar ghníomhaí IMI, ar na

nósanna imeachta ábhartha um chomhar riaracháin in IMI, atá nasctha le gníomhartha an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1. I gcás ina mbaineann faisnéis a mhalartaítear idir údaráis inniúla na mBallstát trí IMI le cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha dá dtagraítear in Airteagail 8 agus 9, tabharfar rochtain don Údarás ar mhalartuithe den sórt sin i gcóras IMI.

Airteagal 23c

Rochtain ar an gClár Eorpach de Ghnóthais Iompair de Bhóthar

Tabharfar rochtain d'úsáideoirí ar fheidhmeanna ábhartha an Chláir Eorpaigh de Ghnóthais Iompair de Bhóthar (ERRU) arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009, chun críocha chúraimí an Údaráis cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha a chomhordú agus tacú leo chomh maith le hanailísí agus measúnú riosca a dhéanamh, dá bhforáiltear in Airteagail 8, 9 agus 10.

Airteagal 23d

Rochtain ar shonraí maidir le húsáid córas malartaithe faisnéise

1. I gcás inar gá chun tacú leis na Ballstáit na hoibleagáidí faisnéise agus comhair a chomhlíonadh go héifeachtach i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 7, cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha a chomhordú agus tacú leo i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 9, obair anailíseach agus anailísí riosca oibriúcháin a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 10, agus cásanna a shainaithint ina seolfar nós imeachta idirghabhála i gcomhréir le hAirteagal 13, beidh rochtain ag an Údarás ar an bhfaisnéis seo a leanas:

(a) sonraí maidir le húsáid nósanna imeachta um chomhar riaracháin in IMI lena gcumhdaítear malartú faisnéise a bhaineann le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú ghníomhartha an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1;

(b) an fhaisnéis a chuirtear faoi bhráid na mBallstát sna dearbhuithe maidir le postú sa chomhéadan poiblí atá nasctha le IMI de bhun Rialachán (AE) 2026/XXX agus de bhun Threoir (AE) 2020/1057;

(c) sonraí maidir le húsáid chórais EESSI agus ERRU.

2. Faoi réir chomhaontú na mBallstát uile lena mbaineann agus i gcás inar gá chun tacú leis na Ballstáit na hoibleagáidí faisnéise agus comhair a chomhlíonadh go héifeachtach i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 7, cigireachtaí comhbheartaithe agus comhpháirteacha a chomhordú agus tacú leo i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 9, obair anailíseach agus anailísí riosca oibriúcháin a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 10, nó cásanna a shainaithint ina bhféadfar nós imeachta idirghabhála a sheoladh i gcomhréir le hAirteagal 13, féadfar rochtain a thabhairt don Údarás ar mhalartuithe sonracha idir na Ballstáit trí na córais malartaithe faisnéise dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) go (c).

3. Ní thabharfar an rochtain dá dtagraítear i mír 1 ach do bhaill foirne atá údaraithe ag an Údarás, baill foirne a bheidh in ann gníomhú thar ceann an Údaráis agus a mbeidh aitheantas úsáideora pearsanta acu le haghaidh na gcóras malartaithe faisnéise faoi seach. Beidh gach úsáideoir faoi cheangal ag na rialacha rúndachta is infheidhme maidir leis an gcóras malartaithe faisnéise faoi seach.

---

[*] Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2008/49/CE ón gCoimisiún ('Rialachán IMI') (IO L 316, 14.11.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1024/oj).';

(18) in Airteagal 29, cuirtear isteach an dara mír seo a leanas:

‘Féadfaidh an tÚdarás deontais a dhámhachtain a bhaineann le comhlíonadh a chúraimí mar a leagtar síos in Airteagal 4. Beidh feidhm ag Airteagal 91 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún maidir le dámhachtain deontas ag an Údarás.’;

(19) Leasaítear Airteagal 31 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 4 agus 5:

‘4. 5 bliana a bheidh i dtéarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin. In am trátha, roimh dheireadh na tréimhse sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ina gcuirfear san áireamh meastóireacht ar fheidhmíocht an Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus ar chúraimí agus dúshláin an Údaráis amach anseo.

5. Féadfaidh an Bord Bainistíochta, ag gníomhú dó ar thogra ón gCoimisiún, agus an measúnú dá dtagraítear i mír 4 á chur san áireamh, síneadh a chur le téarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin uair amháin, go ceann 5 bliana ar a mhéad.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

‘7. Ní fhéadfar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a chur as oifig ach amháin ar chinneadh ón mBord Bainistíochta, ag gníomhú dó ar thogra ón gCoimisiún.’;

(20) Leasaítear Airteagal 32 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

‘1. Ceapfaidh gach Ballstát beirt Oifigeach Idirchaidrimh Náisiúnta mar shaineolaithe náisiúnta lena thabhairt ar iasacht don Údarás agus le bheith ag obair ag a shuíomh, de bhun Airteagal 33.

2. An chéad Oifigeach Idirchaidrimh Náisiúnta arna ainmniú ag gach Ballstát tar éis don Údarás é a fhormheas agus a earcú, rannchuideoidh sé le cúraimí an Údaráis a chur i gcrích, lena n-áirítear déanamh amhlaidh tríd an gcomhar agus an malartú faisnéise a leagtar amach in Airteagal 7 a éascú. Gníomhóidh siad freisin mar phointí teagmhála náisiúnta maidir le ceisteanna óna mBallstáit agus i ndáil lena mBallstáit, trí na ceisteanna sin a fhreagairt go díreach nó trí idirchaidreamh a dhéanamh lena gcórais riaracháin náisiúnta.’;

(b) cuirtear mír 2a seo a leanas isteach:

‘2a. An dara hOifigeach Idirchaidrimh Náisiúnta arna ainmniú ag gach Ballstát tar éis don Údarás é a fhormheas agus a earcú, beidh sé ina Oifigeach Idirchaidrimh Cigireachta Náisiúnta, ar iasacht ó údarás forfheidhmithe náisiúnta ábhartha, agus rannchuideoidh sé le cúram an Údaráis a fhorghníomhú maidir le cigireachtaí comhbheartaithe agus comhpháirteacha a chomhordú agus tacú leo i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 9, lena n-áirítear déanamh amhlaidh trí pháirt a ghlacadh sna cigireachtaí sin i gcomhréir le hAirteagal 9(5).’;

(21) in Airteagal 33, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Glacfaidh an Bord Bainistíochta cinneadh lena leagfar síos rialacha maidir le saineolaithe náisiúnta a thabhairt ar iasacht don Údarás, lena n-áirítear Oifigigh Náisiúnta Idirchaidrimh.’;

(22) in Airteagal 36, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Glacfaidh an Bord Bainistíochta rialacha inmheánacha lena gcuirtear chun feidhme na hoibleagáidí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/1725, go háirithe na rialacha sin a bhaineann le hOifigeach Cosanta Sonraí a cheapadh don Údarás agus na rialacha sin a bhaineann le dlíthiúlacht na próiseála sonraí, le slándáil na ngníomhaíochtaí próiseála, le soláthar faisnéise agus leis na cearta atá ag ábhair sonraí.’;

(23) leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1149 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 1 agus 2:

‘(1) feabhas a chur ar an eolas ar obair neamhdhearbhaithe, lena n-áirítear cúiseanna, difríochtaí réigiúnacha agus gnéithe trasteorann di chomh maith lena leitheadúlacht i measc náisiúnach tríú tír agus an tionchar atá aici orthu, trí bhíthin sainmhínithe comhroinnte agus coincheapa coiteanna, uirlisí tomhais fianaisebhunaithe agus anailís chomparáideach a chur chun cinn; tuiscint fhrithpháirteach a fhorbairt maidir le córais agus cleachtais éagsúla chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe agus anailís a dhéanamh ar éifeachtacht beart beartais, lena n-áirítear bearta coisctheacha agus pionóis;

(2) cineálacha éagsúla comhair idir na Ballstáit, agus i gcás inarb ábhartha tríú tíortha, a éascú agus a mheas d’fhonn dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe i measc náisiúnaigh tríú tír san Aontas, amhail malartú foirne, úsáid bunachar sonraí, gníomhaíochtaí comhpháirteacha agus oiliúint chomhpháirteach, agus córas malartaithe faisnéise a chur ar bun le haghaidh comhar riaracháin trí úsáid a bhaint as modúl sonrach maidir le hobair neamhdhearbhaithe faoi chóras IMI;’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (5):

‘(5) taithí na n-údarás náisiúnta a mhalartú maidir le cur i bhfeidhm dhlí an Aontais is ábhartha chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le náisiúnaigh tríú tír.’.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 2016/589

Leasaítear Rialachán (AE) 2016/589 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear isteach na pointí (9) go (13) seo a leanas:

‘(9) ciallaíonn ‘aicmiú Eorpach’ an leagan is déanaí de Scileanna, Inniúlachtaí, Cáilíochtaí agus Gairmeacha Eorpacha arna fhoilsiú ag an gCoimisiún[58]. Is éard atá sa liosta áireamh aitheantóirí uathúla a léiríonn gairmeacha nó scileanna agus inniúlachtaí, agus meiteashonraí ag gabháil leo;

(10) ciallaíonn ‘táblaí mapála’ táblaí comhfhreagrais meaisín-inléite lena léirítear an chaoi a mbaineann coincheapa in aicmiú amháin le coincheap amháin nó níos mó in aicmiú eile. Úsáidtear táblaí mapála le haghaidh traschódú uathoibríoch faisnéise chun críche meaitseála uathoibrithe tríd an ardán coiteann TF;

(11) ciallaíonn ‘meaisín-inléite’ go gcuirtear faisnéis i láthair i bhformáid is féidir le ríomhaire a phróiseáil go héasca;

58 https://esco.ec.europa.eu/ga

(12) ciallaíonn ‘traschódú’ an próiseas trína dtiontaítear faisnéis ó chineál amháin léirithe chódaithe go cineál eile;

(13) ciallaíonn ‘Scéim Soghluaisteachta Spriocdhírithe EURES’ tionscnamh de chuid an Choimisiúin chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar ghanntanais lucht saothair, chun soghluaisteacht thrasnáisiúnta post a chur chun feidhme agus chun dul i ngleic le riachtanais spriocghrúpaí sonracha, earnálacha eacnamaíocha, gairmeacha beatha nó tíortha.’;

(2) leasaítear Airteagal 8(1) mar a leanas:

(a) i bpointe (a), scriostar pointe (i);

(b) i bpointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

‘(ii) gníomhaíochtaí faisnéise maidir le líonra EURES;’;

(c) i bpointe (a), cuirtear an pointe (iia) seo a leanas isteach:

‘(iia) clársceidealú, bailiú bliantúil sonraí agus gníomhaíochtaí anailíse maidir le líonra EURES;’;

(d) i bpointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (iii):

‘(iii) comhchlár oiliúna agus forbairt ghairmiúil leanúnach d’fhoireann Chomhaltaí agus Chomhpháirtithe EURES agus d’fhoireann na nOifigí Náisiúnta Comhordúcháin, agus – i gcás ina sainaithnítear gá cuí-réasúnaithe – d’eintitis eile a chuireann seirbhísí EURES chun feidhme go sealadach ar bhonn trasteorann, rud lena n-áirithítear an saineolas is gá;’;

(e) i bpointe (a), scriostar pointe (iv);

(f) scriostar pointe (c);

(3) Leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Malartóidh Oifigí Náisiúnta Comhordúcháin faisnéis lena chéile maidir leis na sásraí agus caighdeáin dá dtagraítear in Airteagal 17(5), agus maidir le caighdeáin i dtaca le slándáil sonraí agus cosaint sonraí atá ábhartha don ardán coitianta TF. Comhoibreoidh siad lena chéile, leis an Oifig Eorpach Comhordúcháin agus leis an gCoimisiún, mar úinéir an chórais, go háirithe maidir le gearáin agus folúntais a meastar nach gcomhlíonann siad na caighdeáin sin faoin dlí náisiúnta.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

‘7. Cuirfidh an Oifig Náisiúnta Comhordúcháin comhar chun cinn le geallsealbhóirí amhail na comhpháirtithe sóisialta, seirbhísí gairmthreorach, institiúidí gairmoiliúna agus ardoideachais, comhlachais tráchtála, seirbhísí sóisialta agus eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar ghrúpaí i gcásanna leochaileachta sa mhargadh saothair agus eagraíochtaí atá rannpháirteach i scéimeanna printíseachtaí agus tréimhsí oiliúna.’;

(4) in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Tacóidh an Grúpa Comhordúcháin le cur chun feidhme an Rialacháin seo trí fhaisnéis a mhalartú agus trí threoir a fhorbairt. Go háirithe, cuirfidh sé comhairle ar an gCoimisiún agus ar an Oifig Eorpach Comhordúcháin maidir leis na teimpléid dá dtagraítear in Airteagal 11(8) agus in Airteagal 31(3a), na dréachtchaighdeáin

theicniúla agus na dréachtfhormáidí dá dtagraítear in Airteagal 17(8), agus na mionsonraíochtaí aonfhoirmeacha i ndáil le sonraí a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu dá dtagraítear in Airteagal 32(3). Cinnfidh an Grúpa Comhordúcháin cén fhaisnéis a eascróidh ó thimthriall clársceidealaithe EURES atá ábhartha agus is féidir a úsáid agus na tuarascálacha ar ghníomhaíocht EURES á ndréachtú agus Airteagal 33 á chur i bhfeidhm.';

(5) in Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

'6. Scrúdóidh na Ballstáit, i gcomhar leis an gCoimisiún agus leis an Oifig Eorpach Comhordúcháin, na féidearthachtaí uile chun tosaíocht a thabhairt do shaoránaigh an Aontais nuair a bheidh folúntais á líonadh, d'fhonn cothromaíocht a bhaint amach idir an soláthar saothair agus an t-éileamh ar shaothar san Aontas. Féadfaidh na Ballstáit na bearta is gá a ghlacadh chun na críche sin, lena n-áirítear ról gníomhach a ghlacadh i Scéim Soghluaisteachta Spriocdhírithe EURES agus a seirbhísí a chur chun cinn.';

(6) in Airteagal 17(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) gach iarratas ar phost agus gach CV atá ar fáil trí SPF chomh maith leis na cinn sin arna soláthar ag Comhaltaí agus oibrithe eile EURES agus, i gcás inarb ábhartha, ag Comhpháirtithe EURES, i gcomhréir le hAirteagal 12(3), ar choinníoll gur thoiligh na hoibrithe lena mbaineann an fhaisnéis a chur ar fáil do thairseach EURES faoi na téarmaí a leagtar amach i mír 3 den Airteagal seo.';

(7) Leasaítear Airteagal 19 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Déanfaidh an Coimisiún liosta scileanna, inniúlachtaí agus gairmeacha an aicmithe Eorpaigh a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta chun a áirithiú go mbeidh sé ailínithe le héabhlóid an mhargaidh saothair. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas faoi nuashonruithe a dhéanfar amach anseo tríd an nGrúpa Comhordúcháin le haghaidh EURES agus trí Mheitheal na mBallstát maidir le ESCO.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Chun críche meaitseála uathoibrithe tríd an ardán coiteann TF, déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, aicmithe náisiúnta, réigiúnacha agus earnála a mhapáil chuig an aicmiú Eorpach agus uaidh agus, tar éis liosta na scileanna, na n-inniúlachtaí agus na ngairmeacha a thabhairt cothrom le dáta, na táblaí mapála a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta i gcomhréir le héabhlóid na seirbhísí earcaíochta.';

(c) cuirtear mír 3a seo a leanas isteach:

'3a. Úsáidfear na táblaí mapála dá dtagraítear i mír 3 chun faisnéis ar fholúntais nó ar phróifílí cuardaitheoirí poist a thraschódú go huathoibríoch chun críche meaitseála uathoibrithe tríd an ardán coiteann TF. Tacóidh an Coimisiún leis na Ballstáit chun a áirithiú go ndéanfar cóid chomhfhreagracha an aicmithe Eorpaigh a chur in ionad aon chóid dá n-aicmithe náisiúnta, réigiúnacha agus earnála i bhfolúntais agus i bpróifílí cuardaitheoirí poist faoi Airteagal 17(1) nó go ndéanfar iad a chomhlánú le cóid chomhfhreagracha an aicmithe Eorpaigh, sula gcuirfear folúntais agus próifílí cuardaitheoirí poist ar fáil ar thairseach EURES.';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Cuirfidh an Coimisiún tacaíocht theicniúil ar fáil do na Ballstáit agus na táblaí comhfhreagrais dá dtagraítear i mír 3 á gcur chun feidhme acu chun faisnéis faoi fholúntais nó faoi phróifílí cuardaitheoirí poist a thraschódú go huathoibríoch agus do na Ballstáit a roghnaíonn an t-aicmiú Eorpach a chur in ionad na n-aicmithe náisiúnta.’;

(e) scriostar mír 6;

(8) leasaítear Airteagal 23(2) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) i gcás inarb iomchuí, cúnamh a thabhairt maidir le hiarratais ar phost agus CVanna a tharraingt suas chun comhréireacht leis na caighdeáin theicniúla Eorpacha agus leis na formáidí teicniúla Eorpacha dá dtagraítear in Airteagal 17(8) a áirithiú, agus cúnamh a thabhairt maidir le hiarratais ar phost agus CVanna den sórt sin a uaslódáil ar thairseach EURES;’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

‘(e) i gcás inarb iomchuí, an t-oibrí a chur i dteagmháil le Comhalta nó Comhpháirtí EURES eile nó le seirbhísí a thairgeann Scéim Soghluaisteachta Spriocdhírithe EURES.’;

(9) leasaítear Airteagal 24(2) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) faisnéis a sholáthar faoi rialacha sonracha a bhaineann le hearcaíocht ó Bhallstát eile agus faoi thosca a d’fhéadfadh an earcaíocht sin a éascú, lena n-áirítear seirbhísí arna soláthar ag Scéim Soghluaisteachta Spriocdhírithe EURES;’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) i gcás inarb iomchuí, faisnéis agus cúnamh a sholáthar maidir le ceanglais post aonair a fhoirmliú i bhfolúntas agus maidir lena áirithiú go mbeidh sé i gcomhréir leis na caighdeáin theicniúla Eorpacha agus leis na formáidí teicniúla Eorpacha dá dtagraítear in Airteagal 17(8).’;

(10) in Airteagal 25(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) i gcás inar féidir, sonraí teagmhála na n-eagraíochtaí a thairgeann cúnamh iar-earcaíochta, lena n-áirítear eintitis a chuireann tionscadail chun feidhme faoi Scéim Soghluaisteachta Spriocdhírithe EURES.’;

(11) In Airteagal 26, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Arna iarraidh sin d’oibrí nó d’fhostóir, déanfaidh Comhaltaí EURES agus, i gcás inarb ábhartha, Comhpháirtithe EURES iarrataí ar fhaisnéis shonrach maidir leis na cearta a bhaineann le slándáil shóisialta, le bearta gníomhacha maidir leis an margadh saothair, le cánachas, le saincheisteanna a bhaineann le conarthaí oibre, le measúnú míchumais, le teidlíocht pinsin agus maidir le hárachas sláinte a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil náisiúnta agus, i gcás inarb infheidhme, déanfaidh siad na hiarrataí sin a chur faoi bhráid comhlachtaí iomchuí eile ar an leibhéal náisiúnta a thugann tacaíocht d’oibrithe a gcearta a fheidhmiú i gcomhthéacs na saoirse gluaiseachta, lena n-áirítear na comhlachtaí sin dá dtagraítear in Airteagal 4 de Threoir 2014/54/AE.’;

(12) Leasaítear Airteagal 27 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Freagróidh cúraimí na gcomhpháirtíochtaí trasteorann do threochtaí sna margaí saothair trasteorann faoi seach agus leanfaidh siad na treochtaí sin, agus féadfar a áireamh orthu, ach gan a bheith teoranta dóibh, seirbhísí socrúcháin agus earcaíochta, comhordú comhair idir na heagraíochtaí rannpháirteacha agus cur i gcrích gníomhaíochtaí atá ábhartha don tsoghluaisteacht trasteorann, lena n-áirítear faisnéis agus treoraíocht d’oibrithe teorann, agus béim ar leith á leagan ar sheirbhísí ilteangacha.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Ní mheasfar gur cuid de líonra EURES iad eagraíochtaí nach Comhaltaí agus Comhpháirtithe EURES atá rannpháirteach i struchtúir dá dtagraítear i mír 1 iad. Féadfaidh a bhfoireann – ar chúiseanna a bhfuil údar cuí leo – rochtain a fháil ar ghníomhaíochtaí oiliúna arna gcistiú ag an Oifig Eorpach Comhordúcháin.’;

(13) Leasaítear Airteagal 30 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) ganntanas lucht saothair agus barrachas lucht saothair ar mhargaí saothair náisiúnta agus earnálacha, agus aird ar leith á tabhairt ar ghrúpaí i gcásanna leochaileachta sa mhargadh saothair agus sna réigiúin is mó a ndéanann an dífhostaíocht difear dóibh;’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Beidh na hOifigí Náisiúnta Comhordúcháin freagrach as an bhfaisnéis atá ar fáil laistigh de líonra EURES a chomhroinnt agus rannchuideoidh siad leis an athbhreithniú comhpháirteach ar na dréachtchláir oibre náisiúnta bhliantúla dá dtagraítear in Airteagal 31(3).’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Déanfaidh na Ballstáit an clársceidealú dá dtagraítear in Airteagal 31, agus aird á tabhairt ar an malartú faisnéise agus ar an anailís dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo.’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Déanfaidh an Oifig Eorpach Comhordúcháin socruithe praiticiúla chun malartú faisnéise idir na hOifigí Náisiúnta Comhordúcháin a éascú agus chun teimpléid a úsáidtear go coitianta le haghaidh malartuithe a fhorbairt.’;

(14) Leasaítear Airteagal 31 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Tabharfar an deis do na hOifigí Náisiúnta Comhordúcháin agus don Oifig Eorpach Comhordúcháin athbhreithniú a dhéanamh le chéile ar na dréachtchláir náisiúnta oibre uile. Tar éis bailchríoch a chur ar an athbhreithniú comhpháirteach sin, glacfaidh na hOifigí Náisiúnta Comhordúcháin faoi seach na cláir náisiúnta oibre. Tuairisceoidh na hOifigí Náisiúnta Comhordúcháin ar bhonn bliantúil maidir le cur chun feidhme na gclár oibre náisiúnta, ina sainaithneofar torthaí na ngníomhaíochtaí beartaithe ar bhonn bailiú sonraí i

gcomhréir le hAirteagal 32 agus i gcomhréir leis an amlíne mhionsonraithe a leagtar amach in Iarscríbhinn IA.';

(b) cuirtear mír 3a seo a leanas isteach:

'3a. Déanfaidh an Oifig Eorpach Comhordúcháin an teimpléad atá le húsáid ag na hOifigí Náisiúnta Comhordúcháin le haghaidh clársceidealú a fhorbairt agus déanfaidh an Grúpa Comhordúcháin é a fhormheas.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Tabharfar an deis d'ionadaithe na gcomhpháirtithe sóisialta ar leibhéal an Aontais atá rannpháirteach sa Ghrúpa um Chomhordú athbhreithniú a dhéanamh ar na dréachtchláir náisiúnta oibre.';

(d) scriostar mír 5;

(15) Leasaítear Airteagal 32 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar seo a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráitigh:

'Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm chun sonraí atá ábhartha do gach bliain féilire a bhailiú maidir leis na réimsí gníomhaíochta EURES seo a leanas a dhéantar ar an leibhéal náisiúnta:';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) faisnéis agus treoraíocht ó líonra EURES, ar bhonn an líon teagmhálacha agus an líon imeachtaí a bhíonn ag láimhseálaithe cásanna Chomhaltaí agus Chomhpháirtithe EURES le hoibrithe agus le fostóirí;';

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) sásamh custaiméirí agus úsáid cainéal meán sóisialta le líonra EURES, a fhaightear, *inter alia*, trí shuirbhéanna a úsáid;';

(iv) cuirtear isteach an pointe (d) seo a leanas:

'(d) staidreamh agus aiseolas úsáideoirí maidir le seirbhísí an phointe rochtana aonair dhigitigh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[*].

[*] Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, ar nósanna imeachta agus ar sheirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1724/oj).';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Beidh an Oifig Eorpach Comhordúcháin freagrach as an méid seo a leanas:

(a) sonraí a bhailiú faoi thairseach EURES agus faoi fhorbairt an chomhair maidir leis an imréiteach faoin Rialachán seo;

(b) sonraí comhiomlána ar leibhéal an Aontais a bhailiú agus a tharchur i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1724;

(c) an méid a chuireann EURES le tuarascálacha an Choimisiúin maidir le feidhmiú an Mhargaidh Aonair.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Ar bhonn na faisnéise dá dtagraítear i mír 1 agus laistigh de réimsí gníomhaíochta EURES a shonraítear sa mhír sin, glacfaidh an Oifig Eorpach Comhordúcháin na mionsonraíochtaí aonfhoirmeacha maidir le sonraí a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu ar bhonn bliantúil chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú líonra EURES i gcomhairle leis an nGrúpa Comhordúcháin.’;

(d) cuirtear míreanna 3a agus 3b seo a leanas isteach:

‘3a. Cuirfear na sonraí a bhaileofar agus an anailís orthu ar fáil do na hOifigí Náisiúnta Comhordúcháin i roinn ar leith ar Eislíon Thairseach EURES.

3b. Rialófar aon scaipeadh breise leis an gcur chuige scaipthe a chomhaontóidh an Grúpa Comhordúcháin.’;

(16) in Airteagal 33, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

‘Agus aird á tabhairt ar an bhfaisnéis a bailíodh amhail dá dtagraítear sa Chaibidil seo, déanfaidh an Coimisiún, gach 5 bliana, tuarascáil ar ghníomhaíochtaí EURES a chur chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún.’;

(17) cuirtear isteach an Iarscríbhinn IA seo a leanas:

‘*IARSCRÍBHINN IA*

Amlíne chun an clár oibre náisiúnta bliantúil a ullmhú

(1) CÉIM AN ULLMHÚCHÁIN

Déanfaidh na hOifigí Náisiúnta Comhordúcháin faisnéis a bhailiú, a anailísiú agus a chomhroinnt maidir le ganntanais agus barrachais lucht saothair ar mhargaí saothair náisiúnta agus earnála, agus aird ar leith á tabhairt ar ghrúpaí i gcásanna leochaileachta sa mhargadh saothair agus sna réigiúin is mó a ndéanann an dífhostaíocht difear dóibh, agus sonraí maidir le sreafaí agus patrúin soghluaisteachta á gcur san áireamh.

(2) CÉIM AN DRÉACHTAITHE

Faoin 30 Samhain den bhliain roimh bhliain theacht i bhfeidhm an chláir oibre, déanfaidh na hOifigí Náisiúnta Comhordúcháin an chéad leagan den chlár oibre náisiúnta a dhréachtú trí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis a bhailítear le linn chéim an ullmhúcháin. Cuirfear na dréachtaí ar fáil i roinn ar leith d’Eislíon thairseach EURES.

(3) CÉIM AN ATHBHREITHNITHE CHOMHPHÁIRTIGH

Faoin 15 Eanáir de bhliain theacht i bhfeidhm an chláir oibre, déanfaidh na hOifigí Náisiúnta Comhordúcháin athbhreithniú comhpháirteach ar na dréachtchláir oibre náisiúnta bhliantúla.

(4) CÉIM AN GHLACTHA

Faoin 31 Eanáir den bhliain ina dtiocfaidh an clár oibre i bhfeidhm, tabharfaidh na hOifigí Náisiúnta Comhordúcháin na cláir oibre náisiúnta chun críche agus an t-aiseolas a fuarthas le linn na céime athbhreithnithe á chur san áireamh.

(5) CÉIM CUR CHUN FEIDHME

Cuirfear na cláir oibre náisiúnta bhliantúla chun feidhme ó mhí Eanáir go mí na Nollag.

(6) CÉIM AN TUAIRISCITHE

Faoin 31 Márta den bhliain tar éis chur chun feidhme an chláir oibre, baileoidh na hOifigí Náisiúnta Comhordúcháin faisnéis maidir le torthaí agus tuairisceoidh siad don Oifig Eorpach

Comhordúcháin maidir le cur chun feidhme an chláir oibre náisiúnta le príomhtháscairí feidhmíochta. Leagfar amach sa tuarascáil torthaí na ngníomhaíochtaí atá beartaithe, léireofar an dea-chleachtas agus tarraingeofar aird ar na ceachtanna luachmhara a foghlaimíodh maidir le soláthar seirbhísí.'.

Airteagal 3

Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

'16. Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004, (AE) Uimh. 492/2011, agus (AE) 2016/589 agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2016/344[*]: Airteagail 8, 9, 10, 23a, 23b agus 23d.

[*] IO L 186, 11.7.2019, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1149/oj.'.

Airteagal 4

Aisghairm

Aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1256, (AE) 2018/170, (AE) 2018/1020 agus (AE) 2018/1021 ón gCoimisiún.

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*
[...]	*[...]*

RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH-GNÍOMHAIREACHTAÍ1.

LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1149 lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair, Rialachán (AE) 2016/589 maidir le líonra Eorpach seirbhísí fostaíochta (EURES), rochtain oibrithe ar sheirbhísí soghluaisteachta agus comhtháthú breise ar mhargaí saothair agus Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh, agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1256, (AE) 2018/170, (AE) 2018/1020 agus (AE) 2018/1021 ón gCoimisiún

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú

an tÚdarás Eorpach Saothair

1.3. Cuspóirí

1.3.1. Cuspóirí ginearálta

Is é is aidhm don tionscnamh seo feabhas a chur ar acmhainneacht straitéiseach agus oibríochtúil an Údaráis chun cabhrú leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún dlí an Aontais a bhaineann le soghluaisteacht an lucht saothair ar fud an Aontais a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach agus córais slándála sóisialta a chomhordú laistigh den Aontas.

Tá an t-athbhreithniú dírithe ar choigeartuithe dlíthiúla riachtanacha a sainaithníodh sa mheastóireacht ar an Údarás Eorpach Saothair a foilsíodh in 2025.

1.3.2. Cuspóirí sonracha

Cuspóir sonrach Uimh. 1

Feabhas a chur ar an rochtain ar fhaisnéis agus ar thacaíocht, agus cáilíocht na faisnéise agus na tacaíochta sin, i gcásanna a bhaineann le soghluaisteacht trasteorann an lucht saothair, ionas gur fearr is féidir le daoine aonair, oibrithe taistil laistigh den Aontas (lena n-áirítear oibrithe trasteorann), náisiúnaigh tríú tír agus fostóirí a gcearta a fheidhmiú agus a n-oibleagáidí a chomhlíonadh.

Cuspóir sonrach Uimh. 2

An líon daoine aonair a bhaineann tairbhe as tacaíocht soghluaisteachta trasteorann a mhéadú agus torthaí meaitseála post a fheabhsú trí éifeachtúlacht rialachas agus oibriú líonra agus thairseach EURES a mhéadú.

Cuspóir sonrach Uimh. 3

Feabhas a chur ar spriocdhíriú agus éifeachtacht gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin i gcásanna trasteorann, lena n-áirítear cásanna a bhaineann le náisiúnaigh tríú tír trí thacaíocht anailíseach agus oibríochtúil an Údaráis a neartú le haghaidh cigireachtaí comhbheartaithe agus comhpháirteacha.

Cuspóir sonrach Uimh. 4

An líon díospóidí trasteorann a laghdú trí éifeachtacht na feidhme idirghabhála a fheabhsú.

1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

- Soláthar faisnéise feabhsaithe do dhaoine aonair agus d'fhostóirí lena dtacaítear le soghluaisteacht chothrom an lucht saothair, lena gcoisctear dúshaothrú saothair agus lena bhfeabhsaítear deimhneacht dhlíthiúil as a n-eascraíonn feidhmiú níos rianúla mhargadh an tsaothair

- Maoirseacht ar leibhéal an Aontais ar rialachas EURES agus ar oibríochtaí TF a neartú as a dtiocfaidh comhleanúnachas agus cuntasacht straitéiseach níos fearr ar fud líonra EURES

- Acmhainneacht anailíseach fheabhsaithe, sonraí (pearsanta) a bhailiú agus a phróiseáil agus rochtain ar bhunachair sonraí ábhartha as a dtiocfaidh anailísí riosca feabhsaithe agus éifeachtacht na gcigireachtaí a fheabhsú

- Cumas neartaithe chun CJInna a spreagadh agus comhar treisithe maidir le NTTanna lena gcabhraítear le dúshaothrú a chosc agus bearnaí san fhorfheidhmiú a laghdú

- Deimhneacht dhlíthiúil fheabhsaithe agus simpliú an nós imeachta idirghabhála, castacht nós imeachta a laghdú agus bacainní riaracháin a ísliú do na Ballstáit, rud a fhágfaidh go mbeidh an sásra níos inrochtana agus níos praiticiúla.

1.3.4. Táscairí feidhmíochta

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Bunófar cuspóirí mionsonraithe agus na torthaí a bhfuiltear ag coinne leo, lena n-áirítear táscairí feidhmíochta, leis an gclár oibre bliantúil, agus leagfar amach sa chlár oibre ilbhliantúil na cuspóirí straitéiseacha foriomlána, na cuspóirí sonracha, na torthaí a bhfuiltear ag coinne leo agus na táscairí feidhmíochta.

Maidir leis na cúraimí agus gníomhaíochtaí sonracha a thíolactar sa togra atá ann faoi láthair, cuirtear ar aghaidh na táscairí seo a leanas:

– An líon daoine aonair agus an líon fostóirí a sroicheadh

– An líon socrúchán poist trí EURES

– Líon, cóimheas agus cumhdach na gcigireachtaí spriocdhírithe agus na gcigireachtaí comhbheartaithe

– An líon cásanna a tugadh chuig idirghabháil agus a réitíodh trí idirghabháil

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:

☐ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal / réamhbheart[59]

☒ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

[59] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

1.5. Foras an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh

Tá an tionscnamh atá beartaithe bunaithe ar Airteagail 46 agus 48 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena soláthraítear an bunús dlí chun bearta a ghlacadh chun saorghluaiseacht oibrithe a éascú agus chun comhordú na gcóras slándála sóisialta laistigh den Aontas a áirithiú. De bhun Airteagal 46 CFAE, tá sainordú ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle na bearta is gá a ghlacadh chun saorghluaiseacht oibrithe a chur i bhfeidhm. Áirítear leis sin, *inter alia*, sásraí a bhunú le haghaidh comhar idir seirbhísí fostaíochta náisiúnta agus bacainní riaracháin agus reachtacha a chuireann bac ar chuardach, ar mheaitseáil agus ar ghlacadh fostaíochta ar fud na mBallstát a bhaint go córasach. Mar chomhlánú air sin, bunaítear le hAirteagal 48 CFAE bunús dlí sonrach chun bearta comhordaithe slándála sóisialta a ghlacadh atá riachtanach d'fheidhmiú praiticiúil na soghluaisteachta sin. Bunaítear an creat dlíthiúil atá ann faoi láthair le haghaidh an Údaráis le Rialachán (AE) 2019/1149, lena sainítear cuspóirí, cúraimí agus struchtúr an Údaráis.

Sa ghearrthéarma, is é an toradh láithreach ná Údarás a bhfuil acmhainn oibríochtúil fheabhsaithe aige. San fhadtéarma, ba cheart forfheidhmiú níos éifeachtaí na reachtaíochta maidir le soghluaisteacht an lucht saothair a bheith mar thoradh ar an acmhainneacht agus na huirlisí neartaithe sin chun tacú leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún, rud a d'fhágfadh go mbeadh riosca laghdaithe mí-úsáide ann do dhaoine aonair agus go laghdófaí an iomaíocht éagórach d'fhostóirí.

In 'Aon Eoraip Amháin, Treochlár an Mhargaidh Aonair', tá sé beartaithe an t-athbhreithniú ar an sainordú a ghlacadh le haghaidh R3 2027. Is féidir é a chur chun feidhme láithreach ó thráth a ghlactha. Beartaítear go gcuirfear tús leis an gcéim thionscnaimh don chur chun feidhme ó 2028-2030

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.

Cúiseanna le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (*ex ante*) [Ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí an togra a ghnóthú go leordhóthanach ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach ná áitiúil, agus is fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais ar na cúiseanna seo a leanas:

a) faisnéis agus seirbhísí ardcháilíochta atá cothrom le dáta a chur ar fáil don phobal faoina gcearta agus a n-oibleagáidí i gcás riachtanais a bhaineann le cásanna trasteorann is gá a chomhordú ar leibhéal an Aontais d'fhonn cur teachtaireachtaí comhsheasmhach, soiléir agus éifeachtúil a áirithiú;

b) tá cur i bhfeidhm dhlí an Aontais i réimsí shoghluaisteacht trasteorann an lucht saothair agus chomhordú na slándála sóisialta ag brath ar chomhar idir na Ballstáit, rud a chiallaíonn nach féidir le haon Bhallstát gníomhú ina aonar;

c) chun sineirgí a mhéadú agus chun tacú le comhar idir na Ballstáit i gcur i bhfeidhm dhlí an Aontais agus chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú do riaracháin agus do dhaoine aonair araon, is gá cur chuige comhordaithe comhpháirteach a fhorbairt ar leibhéal an Aontais in ionad a bheith ag brath ar líonra casta comhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha.]

Breisluach AE a mheastar a ghinfear (*ex post*) [Le hacmhainneacht oibríochtúil fheabhsaithe an Údaráis, éascófar a thuilleadh cur i bhfeidhm cothrom agus éifeachtach dhlí an Aontais i réimse shoghluaisteacht an lucht saothair. Cuirfidh sé feabhas ar an soláthar faisnéise níos spriocdhírithe d'fhostóirí agus do dhaoine aonair, lena n-áirítear náisiúnaigh tríú tír, cuirfidh sé feabhas ar acmhainneachtaí bailithe agus láimhseála sonraí an Údaráis chun cigireachtaí fianaisebhunaithe agus rioscabhunaithe a chumasú, agus ar deireadh, simpleoidh sé nós imeachta idirghabhála an Údaráis chun díospóidí maidir le soghluaisteacht an lucht saothair idir na Ballstáit a réiteach.]

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

Cuireann an togra leis an meastóireacht a rinneadh le déanaí ar an Údarás Eorpach Saothair inar cinneadh gur thug an tÚdarás Eorpach Saothair aghaidh ar an ngá le tacaíocht nár comhlíonadh roimhe seo i gcur chun feidhme bheartais an Aontais maidir le soghluaisteacht an lucht saothair agus inar sainaithníodh freisin laigí sa Rialachán atá ann faoi láthair nach féidir aghaidh a thabhairt orthu ach amháin le hathbhreithniú ar an sainordú.

Cuirtear san áireamh sa togra freisin na ceachtanna a foghlaimíodh ó thuarascáil 2024 ar chur chun feidhme maidir le Postú, chomh maith leis an tuarascáil dhébhliantúil EURES is déanaí a foilsíodh in 2025.

Cuireadh san áireamh freisin moltaí agus ceachtanna a foghlaimíodh ó thuarascáil mheastóireachta chomhpháirteach 2024 ó na ceithre ghníomhaireacht dhíláraithe eile i réimse na fostaíochta agus na ngnóthaí sóisialta.

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

Neartófar an tÚdarás chun feabhas a chur ar rochtain ar fhaisnéis agus ar thacaíocht, agus ar cháilíocht na faisnéise agus na tacaíochta sin, i gcásanna a bhaineann le soghluaisteacht trasteorann an lucht saothair, ionas gur fearr a bheidh daoine aonair, oibrithe taistil laistigh den Aontas (lena n-áirítear oibrithe trasteorann), náisiúnaigh tríú tír agus fostóirí in ann a gcearta a fheidhmiú agus a n-oibleagáidí a chomhlíonadh. Agus an méid sin á dhéanamh aige, oibreoidh an tÚdarás i gcomhar freisin le seirbhísí eile de chuid an Aontais agus cuirfidh sé sineirgí chun cinn leo, amhail an tairseach An Eoraip Agatsa, Líonra Eorpach na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta (SPF) agus Solvit, chomh maith le seirbhísí náisiúnta ábhartha amhail na comhlachtaí a chuireann an chóir chomhionann chun cinn agus a thugann tacaíocht d'oibrithe san Aontas agus do bhaill dá dteaghlaigh, arna n-ainmniú ag na Ballstáit faoi Threoir 2014/54/AE.

Agus a nós imeachta idirghabhála á shimpliú, beidh sé d'aidhm ag an Údarás an líon díospóidí trasteorann a laghdú trí éifeachtacht na feidhme idirghabhála a fheabhsú. Coinneoidh an tÚdarás comhar oibríochtúil láidir ar bun leis an gCoimisiún Riaracháin chun córais slándála sóisialta a chomhordú.

Tacóidh an tÚdarás Eorpach Saothair le tionscnaimh leanúnacha eile i réimse shoghluaisteacht an lucht saothair agus, i gcás inar gá, lorgóidh sé sineirgí leo, amhail Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh do NTTanna, agus an tionscnamh ESSPASS atá ar na bacáin.

Ar deireadh, déanfaidh an tÚdarás, i gcás inar féidir, an comhar le Gníomhaireachtaí Díláraithe eile de chuid an Aontais atá ag obair i réimsí gaolmhara a threisiú a thuilleadh, go háirithe an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop), an Fhondúireacht Eorpach Oiliúna (ETF), an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (EUROFOUND), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú

an Dlí (Europol), agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust).

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

Maidir leis na cúraimí breise, tá gá le hacmhainní breise don Údarás Eorpach Saothair, i.e. a fhóirdheontas a mhéadú (Teideal 1 don fhoireann agus Teideal 3 le haghaidh cúraimí oibríochtúla).

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige

☐ **tréimhse theoranta**

☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

☐ tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☒ **tréimhse neamhtheoranta**

Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh 2028 go 2030,

agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme[60]

☒ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

☒ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☒ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad

☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí)

☐ an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta

☒ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais

☐ comhlachtaí dlí poiblí

☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh

☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha

☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha

☐ comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas

[60] Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais: https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx.

comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhéiseacha, agus ar ráthaíochtaí iad a d'fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d'uasmhéid thacaíocht an Aontais.

Nótaí

Tá Bainistíocht Dhíreach ag an gCoimisiún infheidhme maidir leis na cúraimí a bhaineann le cur chun feidhme úinéireacht chóras thairseach EURES lena n-áirítear í a fhorbairt agus a bhainistiú a thuilleadh. Tá bainistíocht indíreach infheidhme maidir leis na cúraimí eile uile agus cuirfidh an tÚdarás chun feidhme í.

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Oibríonn gach gníomhaireacht den Aontas faoi chóras faireacháin docht lena mbaineann comhordaitheoir rialaithe inmheánaigh, an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach den Choimisiún, an Bord Bainistíochta, an Coimisiún, an Chúirt Iniúchóirí agus an tÚdarás Buiséadach. Déantar an córas sin a léiriú agus a leagan síos i Rialachán bunaidh an Údaráis Eorpaigh Saothair.

I gcomhréir leis an Ráiteas Comhpháirteach maidir le gníomhaireachtaí díláraithe de chuid an Aontais (an 'cur chuige coiteann'), agus sa rialachán réime airgeadais (2019/715), cuimseofar i gclár oibre bliantúil an Údaráis cuspóirí mionsonraithe agus torthaí a mheasfar a bheidh ann lena n-áirítear táscairí feidhmíochta a bhunófar. Gabhfaidh príomhtháscairí feidhmíochta leis na gníomhaíochtaí a áirítear i gclár oibre an Údaráis. Déanfar gníomhaíochtaí an Údaráis a thomhas ansin de réir na dtáscairí sin sa Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochtaí. Beidh an clár oibre bliantúil i gcomhréir leis an gclár oibre ilbhliantúil agus cuirfear an dá cheann san áireamh i ndoiciméad clársceidealaithe aonair bliantúil, rud a chuirfear faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin.

Tá Bord Bainistíochta an Údaráis freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar bhainistiú riaracháin, oibríochtúil agus ar bhainistiú éifeachtúil buiséadach an Údaráis.

Gach 5 bliana (cumhdófar an tréimhse 2024-2028 sa chéad mheastóireacht eile), déanfaidh an Coimisiún measúnú ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta i ndáil lena chuspóirí, a shainordú agus a thascanna. Tabharfar aghaidh go háirithe, sa mheastóireacht ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann sainordú na Gníomhaireachta a mhodhnú, agus ar impleachtaí airgeadais aon mhodhnaithe den sórt sin. Tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Bhord Bainistíochta maidir le torthaí na meastóireachta. Cuirfear torthaí na meastóireachta sin ar fáil don phobal.

2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe

Aistrítear fóirdheontas bliantúil an Aontais chuig an Údarás i gcomhréir lena riachtanais íocaíochta agus arna iarraidh sin dó.

Tá an tÚdarás faoi réir rialuithe riaracháin, lena n-áirítear rialú buiséid, iniúchadh inmheánach, tuarascálacha bliantúla ón gCúirt Iniúchóirí, urscaoileadh bliantúil d'fheidhmiú bhuiséad an Aontais agus na himscrúduithe a d'fhéadfadh a bheith á ndéanamh ag OLAF lena áirithiú, go háirithe, go mbainfear an úsáid chuí as na hacmhainní a leithroinntear ar na gníomhaireachtaí. Tá gníomhaíochtaí an Údaráis faoi réir mhaoirseacht an Ombudsman freisin i gcomhréir le hAirteagal 228 den Chonradh. Soláthraítear roinnt coimircí nós imeachta leis na seiceálacha riaracháin sin chun a áirithiú go gcuirfear leasanna na bpáirtithe leasmhara san áireamh.

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú

Baineann na príomhrioscaí le cur chun feidhme easnamhach nó neamhchur chun feidhme na gcúraimí breise dá bhforáiltear don Údarás sa togra seo. Chun an méid sin a mhaolú, ba cheart dóthain acmhainní a chur ar fáil ó thaobh airgeadais agus foirne de.

2.2.3. Measachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)

[…]

[…]

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Déantar foráil maidir le bearta frithchalaoise in Airteagal 37 de Rialachán bunaidh an Údaráis Eorpaigh Saothair agus déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus an Bord Bainistíochta na bearta iomchuí i gcomhréir leis na Prionsabail Rialaithe Inmheánaigh a chuirtear i bhfeidhm ar fud institiúidí uile an Aontais. I gcomhréir leis an gCur Chuige Coiteann, forbraíodh an straitéis frithchalaoise agus cuireann an tÚdarás i bhfeidhm í.

I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) imscrúdú agus ionchúiseamh a dhéanamh ar chalaois agus ar ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais mar a fhoráiltear i dTreoir (AE) 2017/1371.

Sonrófar go sainráite i gcinntí an Údaráis Eorpaigh Saothair maidir le maoiniú agus na comhaontuithe maoinithe agus ionstraimí mar thoradh orthu go bhféadfaidh an Chúirt Iniúchóirí agus OLAF, más gá, seiceálacha ar an láthair a dhéanamh ar fhaighteoirí mhaoiniú an Údaráis agus na gníomhairí atá freagrach as a leithdháileadh.

Má dhéanann an tÚdarás Eorpaigh Saothair comhaontuithe oibre a thabhairt i gcrích le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, comhaontuithe deontais, cinntí deontais agus conarthaí, beidh forálacha iontu seo lena dtabharfar an chumhacht go sainráite don Chúirt Iniúchóirí, do OLAF agus do OIPE iniúchtaí agus imscrúduithe den sórt sin a dhéanamh, i gcomhréir lena gcuid inniúlachtaí faoi seach.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

Is chun críoch léiriúcháin amháin a chuirtear isteach an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas agus ar sholáthar foirne do 2028 agus ina dhiaidh sin, agus níl sé ina réamhbhreith ar an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile. Tá foinse maoinithe agus raon feidhme ghealltanas airgeadais an Aontais sa tréimhse tar éis 2027 fós faoi réir thoradh na caibidlíochta idirinstitiúidí maidir le CAI 2028-2034 agus ina dhiaidh sin cinnfear iad tríd an nós imeachta buiséadach bliantúil. Is leithreasuithe táscacha iad na leithreasuithe agus na leithdháiltí foirne uile ó 2028 ar aghaidh.

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil 2028-2034	Líne bhuiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht – le cinneadh ag céim níos déanaí, nuair a ghlacfar an chéad CAI eile 2028-2034			
	Uimhir	LD/LN[61].	ó thíortha de chuid CSTE[62]	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha[63]	Ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
1	An tÚdarás Eorpach Saothair (comharba [07 10 09)]	~~LD/LN~~	TÁ/~~NÍL~~	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	~~TÁ~~/NÍL
1	Saoráid AE (comharba [07 02 04])	~~LD/LN~~	TÁ/~~NÍL~~	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	~~TÁ~~/NÍL

61 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

62 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

63 Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar arb iarrthóirí ionchasacha iad.

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos

3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	Uimhir	1 – Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, talmhaíocht, rathúnas agus slándáil tuaithe agus muirí

Ard-Stiúrthóireacht: EMPL			Bliain **2028**	Bliain **2029**	Bliain **2030**	Bliain **2031**	Bliain **2032**	Bliain **2033**	Bliain **2034**	**IOMLÁNCAI 2028-2034**
Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí										
Líne bhuiséid: Saoráid AE (comharba 07 02 04)	Gealltanais	(1a)	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	**iontráil mheabhráin**
	Íocaíochtaí	(2a)	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	**iontráil mheabhráin**
Leithreasuithe riaracháin[64]										
Líne bhuiséid		(3)	**n.b.**	**n.b.**	**n.b.**	**n.b.**	**n.b.**	**n.b.**	**n.b.**	**0**
IOMLÁN leithreasuithe	Gealltanais	=1a+1b +3	**iontráil mheabhráin**	**iontráil mheabhráin**	**iontráil mheabhráin**	**iontráil mheabhráin**	**iontráil mheabhráin**	**iontráil mheabhráin**	**iontráil mheabhráin**	**iontráil mheabhráin**

64 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

i gcomhar AS EMPL	Íocaíochtaí	=2a+2b +3	**iontráil mheabhráin**	**iontráil mheabhráin**	**iontráil mheabhráin**	**iontráil mheabhráin**	**iontráil mheabhráin**	**iontráil mheabhráin**	**iontráil mheabhráin**	**iontráil mheabhráin**

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

[Gníomhaireacht]: an tÚdarás Eorpach Saothair	Bliain **2028**	Bliain **2029**	Bliain **2030**	Bliain **2031**	Bliain **2032**	Bliain **2033**	Bliain **2034**	**IOMLÁN CAI 2028-2034**
Líne bhuiséid: 07 10 09 / Ranníocaíocht Bhuiséad an Aontais Eorpaigh leis an ngníomhaireacht	1.677	3.354	5.920	8.512	8.512	8.512	8.512	**44.999**

